# IORRAS AITHNEACH 98

*Cuntas ar cheantar Chill Chiaráin agus Charna*



## An Corn ag ... teacht go Carna








*Mí na Nollag 1998*

*Luach £2.50*

Raidió na Gaeltachta

ar fud na tíre

Gach lá 0800 - 1930

92-94 agus 102.7 FM/VHF

**Fón: 091-506677M**

# EAGARFHOCAL

Munar féidir tuilleadh jabanna maithe agus deiseanna saothraithe airgid a chur ar fáil anseo tá an chontúirt ann gur le fána a bheas an pobal seo ag dul. Níl muid sásta, beag ná mór, leis na hiarrachtaí forbartha fostaíochta atá déanta ag Údarás na Gaeltachta in Iorras Aithneach. Creideann muid nach bhfuil a n-aghaidh tugtha acu dháiríre ar na bealaí uilig a bhféadfaí postanna a chur ar fáil sa gceantar. Dhírigh muid fhéin ar na ceisteanna seo i 1998.

Bhí chúig cinn d'ócáidí againn san Earrach ag ar pléadh ceist na fostaíochta in Iorras Aithneach. Ócáidí poiblí a bhí iontu agus bhí freastal an-mhaith orthu. Tháinig daoine a raibh scil ar leith acu i gcúrsaí forbartha agus i gcúrsaí fostaíochta chuig na hócáidí seo agus chuathas go bun an údáir i gcuid mhór de na ceisteanna a bhain leis an bhfostaíocht thart anseo. B'fhacthas dúinn uilig go raibh na cruinnithe agus na hócáidí seo thar cionn.

Ina dhiaidh sin shocraigh an Fóram do Phobal Iorras Aithneach gur cheart mionstaidéar a dhéanamh ar chuid de na moltaí a rinneadh ag na hócáidí poiblí a bhí in Áras Charna san Earrach. Iarradh ar Éamon Ó hÉanaigh, Oifigeach Forbartha Chomhlachas na gComharchumann Gaeltachta, an staidéar seo a dhéanamh agus Plean Fostaíochta a chur i dtoll a chéile. Dúradh leis gan cloí go hiomlán leis na moltaí a tháinig chun cinn ag na hócáidí san Earrach. Bhí sé de dhualgas air scrúdú a dhéanamh ar dheis ar bith a chuirfeadh post breise ar fáil sa gceantar. Sheol an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Éamon Ó Cuív, T.D. an Phlean Fostaíochta seo in Áras na hOllscoile i gCarna ar an 14ú lá de Mheán Fómhair i mbliana. Deirtear sa bPlean go bhféadfaí os cionn 170 post breise a bhunú sa bpobal as seo go dtí an bhliain 2,010.

Bheadh an fhostaíocht seo bunaithe ar:
an fharraige;
an Ghaeilge, oidhreacht agus cultúr na háite;
seirbhísí sóisialta;
tionscail nua-theicneolaíochta.
forbairt ar an bhfiontraíocht agus ar sheirbhísí riachtanacha.

Ní shin le rá nach gcaithfí béim a choinneáil freisin ar fhostaíocht monarchan agus ar pé ar bith leas a d'fhéadfaí a bhaint as an talmhaíocht san blianta amach romhainn.

Tá muid ag déanamh ár seacht ndícheall le aird a tharraingt ar an bPlean seo. Creideann muid go láidir gur féidir na spriocanna a bhaint amach. Ach ní dhéanfar sin gan cabhair an-láidir ó Údarás na Gaeltachta - an dream a bhfuil cúramaí forbartha fostaíochta orthu sa gceantar seo. Tá sé ráite acu go bhfuil béim acu ar cheantair "imeallacha". Tá Iorras Aithneach ar cheann de na ceantair sin. Tá léargas tugtha sa bPlean Fostaíochta ar an gcosán atá romhainn i dtaobh fostaíochta. Tá súil againn go mbeidh an tÚdarás linn ar an gcosán sin.

## AN CLÚDACH

Tagann Craobh Peile na hÉireann go Gaillimh den chéad uair le dhá bhliain déag agus fiche..... agus tagann Corn Mhic Uidhir i gcaitheamh an bhealaigh go Carna. Tráthnóna Luain a bhí ann, an 5ú lá de Dheireadh Fómhair. Anuas an bóthar ó thuaidh a tháinig an fhoireann agus siad na Catháin i nGabhla an chéad dream a bhí ag fáiltiú roimh bhus na Gaillimhe nuair a tháinig siad isteach sa bparóiste.

**In uachtar**
Thosaigh an réiteach ag tuairim's an sé tráthnóna. Sa bpictiúr seo (ó chlé) - tá Róisín Ní Chatháin, Déirdre Ní Chatháin agus Eileanóir Ní Chatháin.

**Lár báire**
Bhí súil leis an bhfoireann ag an seacht a chlog ach chuir an fháilte ar an mbealach moill ar an mbus. Tháinig an dorchadas. Sa bpictiúr seo (ó chlé) - tá Pádraig Ó Catháin leis an mbosca ceoil, Bríd Uí Chatháin agus Eileanóir Uí Chatháin ag breathnú isteach sa tine chnámh.

**In íochtar**
An bus agus foireann na Gaillimhe ag dul thar bráid. Ray Ó Síoda, caiptín na Gaillimhe, le feiceáil sa bhfuinneog, chun tosaigh.

**An peileadóir agus Corn Mhic Uidhir aige**
Mícheál Ó Clochartaigh as Carna a bhí ar dhuine de phainéal imreoirí na Gaillimhe i rith na bliana ag geata na bunscoile i gCarna.


## Iorras Aithneach '98
## An Fhoireann

Fógraíocht agus obair oifige:
Áine Máire Ní Fhlatharta

I gceannas ar phictiúir:
Evelyn Uí Mhaoláin

Figiúirí fostaíochta/daonra srl.:
Mícheál Ó Maoláin

Baill eile den fhoireann:
Seosamh Ó Cuirrín; Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin; Susan Uí Chatháin; Rosario Ní Shúilleabháin.

Léitheoir profaí:
Seosamh Ó Cuaig

Clóbhualadh:
Máire Treasa Ní Chéidigh

Dearadh agus leagan amach:
Sorcha Ní Chonghaile, Clódóirí Lurgan

Eagarthóir:
Máirtín Ó Catháin

# BANC NA hÉIREANN

## *(Bank of Ireland)*

### Clochán

Fón (An Clochán) 095 21111: Facs (095) 21453

## Seirbhísí an Bhanc Taistil

• Cuntaisí Taisce •
• Infheistiú Téarmúil • •
• • Cuntaisí "Golden Years" •
• Iasachtaí Pearsanta agus Gnó/Ligean ar Léas •
• Taisce i gCumann Tógála an ICS •
• Cuntaisí dóibh siúd nach gcónaíonn sa tír •
• Malartú Airgid Eachtrannaigh •
• Cártaí "Access agus Visa" •
• Pleanáil Árachas Saoil: Seirbhís saor in aisce le fáil. •
• Árachas Baile •
• Chomh maith le Réimse Leathan de Sheirbhísí Eile •

### DÉ MÁIRT

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 10.10 r.n. - 10.20 r.n. |
| Ros Muc | 10.30 r.n. - 11.40 r.n. |
| Crosbhóthar Ros Muc | 11.45 r.n. - 12.30 r.n. |
| Earraí Cniotáilte | 1.30 i.n - 1.40 i.n. |
| Tí an Mháille | 1.45 i.n. - 1.50 i.n. |
| Loch Con Aortha | 2.00 i.n. - 2.15 i.n. |
| Coill Sáile | 2.20 i.n. - 2.45 i.n. |
| An mhonarcha | 2.50 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉ CÉADAOIN

| | |
|---|---|
| Cill Chiaráin | 10.15 r.n. - 11.15 r.n. |
| Tí Keane | 11.15 r.n. - 11.30 r.n. |
| An Aird Mhóir | 11.40 r.n. - 12.10 i.n. |
| Tí Leavy | 12.10 i.n. - 12.45 i.n. |
| Roisín na Mainíoch | 1.45 i.n. - 2.10 i.n. |
| Carrolls | 2.15 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉARDAOIN

| | |
|---|---|
| Carna | 10.15 r.n. - 12.30 i.n. |
| | 1.30 i.n. - 3.00 i.n. |

### DÉ hAOINE

| | |
|---|---|
| An Sraith Salach | 10.00 r.n. - 10.20 i.n. |
| An Caiseal | 11.30 r.n. - 10.45 i.n. |
| Tí Bhoulger | 10.50 r.n. - 11.25 i.n. |
| Tuaim Beola. | 11.35 i.n. - 11.50 i.n. |
| IDA Cloch na Rón | 12.00 i.n. - 12.30 i.n. |
| Cloch na Rón | 1.30 i.n. - 3.00 i.n. |

# Bun-sheirbhísí an Phobail

## Forbairt Infrastruchtúir

**Bóithre:** Tá feachtas láidir ar siúl le breis agus leathscór blianta i dtaobh an bhóthair réigiúnaí thart anseo, an R. 340. Sin é an bóthar as Scríb anoir go Cill Chiaráin, siar go Carna agus amach chomh fada leis an Sraith Salach. Chaith Comhairle Contae na Gaillimhe £375,000 ar an R.340 i 1998. Ní raibh muid sásta beag ná mór leis an airgead a bhí ceadaithe i dtús na bliana ach d'fhógair an tAire Stáit, Roibeárd Ó Maoildhia sa bhFómhar go gcuirfí £140,000 eile ar fáil. Chuidigh sé sin leis an scéal ach níl an píosa idir an Aird Mhóir agus Cill Chiaráin críochnaithe fós agus tá práinn mhór leis sin. £150,000 atá iarrtha ag Comhairle Contae na Gaillimhe le haghaidh an R. 340 as an gCiste Eorpach don bhliain seo chugainn. Teastaíonn i bhfad níos mó ná sin agus tá sin ráite againn leis an gComhairle Contae.

Mar seo atá airgead caite ar an R.340 le chúig bhliana:

| | |
|---|---|
| 1994 | £550,000; |
| 1995 | £225,000; |
| 1996 | £300,000; |
| 1997 | £400,000; |
| 1998 | £375,000. |

Tá píosaí den bhóthar go dona i gcónaí agus teastóidh obair dheisiúcháin chuile bhliain. Ní leor an t-airgead atá faighte agus caithfear coinneáil leis an troid ar mhaithe le caighdeán den chéad scoth ar an R.340.

**Droichead Flannery:** Ceadaíodh £60,000 do dhroichead Flannery i 1998. Tá iarratas istigh ag an gComhairle Contae ar £400,000 d'fhorbairt an droichid i 1999.

**Bóithre Áitiúla:** Seo é an t-airgead a cheadaigh an Chomhairle Contae do bhóithre eile sa gceantar i 1998:

| | |
|---|---|
| Muighros - Glinnsce | £50,000 |
| Bóthar na Scrathóg | £60,000 |
| Bóthar Mhuighinse | £25,000 |
| Cill Chiaráin - Loch an Óir | £20,000 |
| An Leath-Mhás | £18,000 |
| An Más | £14,000 |

Seo é an t-airgead a d'fhógair an tAire Stáit Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, i scéim na mBóithre Áise i mí an Mheithimh:

| | |
|---|---|
| Bóthar Ros Dugáin (300 slat) | £6,500 |
| Bóithrín Nóraí in Aill na Brún | £4,000 |
| Bóthar Aill na Méaracán | £12,500 |

D'fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán an t-airgead seo i mí Dheireadh Fómhair:

| | |
|---|---|
| Bóthar Aill na Méaracán i gCill Chiaráin | £18,000; |
| Bóthar Tí Chaulfield i Leitir Ard | £ 3,000; |

(agus go gcuirfeadh an Chomhairle Contae £3,000 leis).

| | |
|---|---|
| Sráidbhaile Charna mar chuid den scéim athnuachan bailte | £20,000; |
| Droichead Mhuigh Inse | £25,000. |

**Céibheanna:** Cheadaigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán £30,000 do Chéibh an Mhása.

**An Córas Uisce:** Tá an scéal seo náireach uilig .....amach agus amach. Tá tuarascáil thuas i mBaile Átha Cliath le ocht mbliana faoi fhorbairt an chórais ach, thairis sin, níl aon bhlas ag tarlú. Chúig mhilliún a chosnódh an obair. Ní airgead mór é sin sa lá atá inniu ann. Cé a bheadh ag éisteacht le seafóid chainte faoi fhorbairt na tíre nuair nach bhfuil soláthar uisce ag cuid den phobal?

## AN LOTTO AGUS FORBAIRT NA PÁIRCE

**Tá Cumann Charna/An Chaisil ag leanacht ar aghaidh i gcónaí leis an bhfeachtas bailiúcháin airgid leis an Lotto. Tá go leor den airgead seo dá chaitheamh ar an bPáirc, agus thimpeall na Páirce, i gCarna. Tá an claí nua dá dhéanamh siar leis an mbóthar agus síos chomh fada leis na seomraí feistis. Tá slacht curtha ag an gclaí seo ar an áit agus cuirfidh sé slacht ar shráidbhaile Charna, go deimhin. Tá muid ag súil go mbainfidh an pobal uilig tairbhe as an obair.**

**Tá muid an-bhuíoch don phobal as ucht a gcúnamh leis an obair seo uilig.**

***Colm Ó hUaithnín***

# AN FÓRAM DO PHOBAL IORRAS AITHNEACH, 1998

*Seo iad na baill agus na rúnaithe a thug seirbhís don Fhóram i 1998.*


## COISTE NA gCATHAOIRLEACH


Seosamh Ó Cuaig


Máire Ní Uaithnín



Tomás Ó Nídh


Máirtín Ó Catháin



Ciarán Ó Maoláin

## AN COISTE


Máire Uí Chuinneáin


An Dochtúir
Micheál Ó Cathasaigh


An Ceannfort
Maitias Mac Donnchadha


Micheál Breathnach


Susan Uí Chatháin


Máire Uí Mhaoilchiaráin


Roibeárd P. Ó hÉilí



Ann Marie Ní Fhlatharta



Máire Uí Loideáin



Bairbre Uí Mhaoilchiaráin



Gearóid Ó Cosgordha




Alison Ní Chadhain




Micheál Ó Maoláin




Coilín Ó Cualáin



Máire Áine Ní Neachtain



Macdara Ó Cuaig



Tomás Ó hIarnáin




Eibhlín Ní Mhaoláin



Máire Uí Bholguidhir



Éamonn Ó Domhnaill



An tAth. Audley



Rosario Ní Shúilleabháin

Tá Seosamh Ó Cuirrín ina bhall den Fhóram freisin.

## FOCAL BUÍOCHAIS

Tá an Fóram do Phobal Iorras Aithneach an-bhuíoch de Chomharchumann Chonamara Thiar agus den Bhainisteoir ansin, Éamon Ó Domhnaill, as ucht a gcuid tacaíochta i rith na bliana.

Tá muid buíoch chomh maith de Bhainisteoir Údarás na Gaeltachta sa gceantar seo, Tadhg Ó Conghaile, as ucht a chuid oibre agus a chuid tacaíochta i rith na bliana.

## SCÉALTA DEIREADH BLIANA

Cúpla scéala tháinig agus muid ag críochnú na hoibre ar an Irisleabhar:

**£25,000** ón gComhairle Contae
*do dhroichead Mhuighinse.*
**£30,000** *do Bhóthar na Scrathóg.*
**£30,000** ar an mbealach
*do Chéibh an Mhása, a deirtear linn.*

*Míle fáilte roimh na nuachtaí seo uilig.*

# Obair fhorbartha sa gceantar i gcaitheamh na bliana

### An Phlean Fostaíochta

Sheol an tAire Stáit , Éamon Ó Cuív, T.D. an Phlean Fostaíochta in Áras na hOllscoile i gCarna ar an 14ú Meán Fómhair i mbliana. Cuireadh an Phlean i dtoll a chéile théis na hoibre a rinneadh san Earrach nuair a heagraíodh chúig ócáid phoiblí faoi chúrsaí fostaíochta agus oibre in Áras na hOllscoile. Éamon Ó hÉanaigh a chuir an Phlean i dtoll a chéile. Caitheadh go leor uaireanta an chloig ag obair ar na hócáidí poiblí seo agus ar an tuarascáil, ach chreid muid go raibh sé thar am bualadh faoin obair seo.

### Bóithre

Caitheadh go leor ama leis an ábhar seo aríst i mbliana. Cé nach bhfuil na spriocanna bainte amach againn, bhí buachaint ar an mbrú a chuir muid i gcaitheamh na bliana. Thart ar £235,000 a ceadaíodh don R.340 sna chéad mheastacháin i mbliana. Ach ceadaíodh £140,000 eile sa bhFómhar. Rinne muid troid mhór á iarradh sin. Is cúis mhór ghearáin dúinn nach bhfuil an obair idir an Aird Mhóir agus Cill Chiaráin críochnaithe ach tá muid ar ár míle dícheall ag cur brú ar an gComhairle Contae i gcónaí. Tá na bóithre bailte i bhfad níos fearr ná a bhí siad ach caithfear súil a choinneáil orthu i gcónaí. Bhí comhoibriú againn leis an gCoiste i Muigh Inis atá ag iarraidh go gcuirfí caoi ar an droichead agus chuir muid an cheist go láidir faoi bhráid na Comhairle Contae agus na bpolaiteoirí ag cruinniú a bhí againn i nGaillimh. Gealladh ina dhiaidh sin go mbuailfeadh an Chomhairle Contae faoin obair i 1999. Tá £20,000 ceadaithe freisin ag an Roinn sin don Scéim Athnuachan Bailte i gCarna. Tá moltaí curtha againne faoi bhráid na Comhairle Contae le fada go gcuirfí na cosáin soir chomh fada leis na scoileanna. Tá súil againn go dtarlóidh sin, de réir a chéile.

### Córas Teileafóin Póca - Eircell

Bhí muid ar cheann de na chéad ghrúpaí pobail i gConamara a leag béim láidir ar a thábhachtaí agus atá córas ceart teileafóin, de chuile chinéal, i gceantair tuaithe in iarthar Chonamara. Tá cúrsaí forbartha agus gnó ag brath go mór ar sheirbhísí mar seo ar na saolta seo. Théis cuid mhaith oibre cuireadh tús le seirbhís an chrainn cumarsáide i Leitir Peidhbream in Earrach na bliana seo. Comhlacht Eircell atá ina bhun. Bhí muid ag obair ar an bhfeachtas seo le chúig bhliana. Tá muid an-bhuíoch den dream a thug an suíomh le haghaidh an chrainn. Thug Eircell £8,000 le caoi a chur ar bhóthar Aill na Méaracán ó shin agus cuirfidh siad córas iomlán teileafóin ar fáil san otharcharr, saor in aisce freisin.

### Reilig Mhuighrois

Tá na socruithe pleanála déanta anois do leathnú reilig Mhuighrois. Chaith muid roinnt blianta ag obair ar an gceist seo freisin. Tá súil againn anois go gcuirfidh Comhairle Contae na Gaillimhe airgead de leataobh i 1999 le réiteach a dhéanamh ar an bpíosa breise talúna. Ar an gcnocán, taobh thiar den reilig, atá an leathnú le déanamh.

### Áras na hOllscoile

Tá áthas orainn go bhfuil borradh ag teacht faoi chúrsaí oiliúna in Áras nua na hOllscoile i gCarna. Bhí baint againn ó thús leis an iarracht go gcuirfí an tIonad seo i gCarna agus tá muid an-bhuíoch den Ollscoil as ucht muid a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú. D'fhógair an tAire Stáit, Éamon Ó Cuív, T.D. go dtabharfadh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán £40,000 sa mbliain de dheontas reachtála don Áras, ar feadh trí bliana. Tuigtear dúinn go bhfuil breis foirne le ceapadh. Bhí roinnt cruinnithe againn le lucht an Árais i rith na bliana. Creideann muide go bhfuil Áras na hOllscoile ar cheann de na háiseanna is fearr forbartha atá tagtha san áit le fada. Tá go leor ar intinn ag Peadar Mac an Iomaire agus a fhoireann i dtaobh fhorbairt an Ionaid. Beidh muid ag cuidiú leis, ar bhealach ar bith atá feiliúnach, sna blianta atá amach romhainn.

### Céibheanna

Tá ceist na gcéibheanna tarraingthe anuas ag na cruinnithe agus tá iarratas curtha ag an Aire Stáit, Éamon Ó Cuív, ag iarraidh air airgead a chur ar fáil as ciste na Roinne sin aige féin d'fhorbairt Chéibh Chill Chiaráin. Chomh maith leis sin, tá muid i mbun feachtais ar mhaithe le forbairt Chéibh Chuan Chaorthainn i Leitir Ard, áit an-fhoscúil a úsáideann go leor iascairí.

### Trá Brataí Goirme

Tá feachtas ar siúl againn le scaitheamh maith ag iarraidh go dtabharfaí aitheantas do thrá Chaladh bhFuínnse mar Thrá Brataí Goirme.....**Blue Flag Beach**. Baineadh amach an chéim ar a dtugtar '**Designation**'. Ciallaíonn sin go ndéantar scrúduithe ar an uisce i gcaitheamh an tSamhraidh agus go nglactar leis go bhfuil an t-uisce an-ghlan. Ach níl aon fhonn ar an gComhairle Contae aon chostas a chur orthu féin le tránna eile Brataí Goirme i gContae na Gaillimhe. Sa

mullach air sin, níl muid in ann a rá leo go bhfuil suíomh ar fáil le haghaidh leithreas gar do thrá Chaladh bhFuínnse. Sin mí-bhuntáiste. Tá muid ag cuimhniú anois gur bhfiú díriú ar thrá eicínt eile, dá dtarlódh sé go mbeadh fáil ar shuíomh a bheadh feiliúnach le haghaidh leithris. Neartódh sé sin an cás sin againne.

### Cruinnithe

Bhí cuid mhaith cruinnithe againn i gcaitheamh na bliana. Bhí an cruinniú a bhí againn le triúr Airí Stáit an toghcheantair - Éamon Ó Cuív, Roibeárd Ó Maoildhia agus Frank Fahey - san Aibreán ar cheann de na cruinnithe ab fhearr acu. Rinneadh mionphlé ar chúrsaí an cheantair agus creideann muid gur cruinniú é a rinne leas. Chuaigh muid go Gaillimh roinnt babhtaí freisin le hábhair éagsúla a phlé leis an gComhairle Contae.

### Monarcha Bhreizon

Tharraing muid anuas an cheist seo chuig na hAirí Stáit i gCarna san Aibreán seo caite. Fuair muid scéal ar ais níos deireanaí ón Aire Stáit Ó Cuív go raibh Údarás na Gaeltachta ag iarraidh rud eicínt a thosnú ann agus go raibh siad ag tóraíocht dream eicínt a rachadh isteach ann. Tuigtear dúinn go bhfuil roinnt comhráití ar siúl.


### Scéim Tithe Comhairle Contae

Tá ocht gcinn eile de thithe le cur ar Eastát na Comhairle Contae i gCarna i 1999. Tá £585,000 ceadaithe le haghaidh na hoibre seo. Ní raibh socrú déanta ag an gComhairle Contae faoin gConraitheoir Tógála a dhéanfadh an obair agus muid ag scríobh na hirise seo.

### Foilseacháin

Chomh maith leis an Irisleabhar, "Iorras Aithneach 97," cuireadh roinnt nuachtlitreacha pobail amach freisin i rith na bliana. Seoltar iad seo amach sa bposta sa gcaoi agus go rachaidh siad isteach i chuile theach. Coinníonn sé seo daoine ar an eolas faoin obair atá ar siúl. Ar ndóigh foilsíodh an Phlean Fostaíochta sa bhFómhar freisin.

## OÍCHE SHEANCHAIS




*An lucht éisteachta ag oíche scéalaíochta agus seanchais a bhí i scoil na hAirde Thiar mar chuid d'Fhéile an Phléaráca.*

# SCÉALTA ANONN AGUS ANALL

*An Fóram do Phobal Iorras Aithneach*

## An Córas Uisce


Tá sé fógraithe ag an Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Roibeárd Ó Maoildhia, T.D., go bhfuil sé ag obair as éadan le súil agus gur féidir forbairt a dhéanamh ar scéim uisce Charna agus Chill Chiaráin. Dúirt an tAire Stáit Ó Maoildhia le rí-ghairid gur thuig sé go maith go raibh práinn mhór ag baint le forbairt agus leathnú na scéime seo. Go deimhin, dúirt sé go raibh sí ar cheann de na ceisteanna ba phráinní uilig faoi chúrsaí uisce ina cheantar féin. Dúirt an tAire Stáit Ó Maoildhia nach bhféadfaí forbairt cheart a dhéanamh sa gceantar nó go mbeadh scéim cheart uisce ar fud na háite.

Tugann an scéala seo an-dóchas dúinn. Pléadh an scéal seo go hiomlán ag an gcruinniú a bhí ag an bhFóram do Phobal Iorras Aithneach leis an Aire Stáit Ó Maoildhia agus leis na hAirí Stáit eile in Áras na hOllscoile i gCarna san Aibreán seo caite. Tá béim againn ar an ábhar seo le fada an lá agus cuireadh béim bhreise uirthi ag an gcruinniú sin....agus ó shin i leith. Tá súil againn anois go mbeidh dea-thoradh ar na hiarrachtaí atá luaite ag an Aire Stáit Ó Maoildhia. Tá seisean ina Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil - an Roinn a bhfuil cúramaí cúrsaí uisce uirthi.

## Teach Altranais d'Iorras Aithneach

Tá súil againn go mbeidh toradh maith ar na hiarrachtaí atá déanta ag Coiste na nAosach sa mbliain atá amach romhainn. Mar atá mínithe ag Coiste na nAosach sna nuachtlitreacha atá curtha amach acu, tá suíomh faighte anois agus tá cead pleanála tugtha le haghaidh an fhoirgnimh ag Comhairle Contae na Gaillimhe.

Tá idirbheartaíocht dá dhéanamh le Údarás na Gaeltachta. Mar a thuigfí, tá go leor dindiúirí le réiteach fós agus caithfear a bheith sásta go mbeadh chuile shórt ina cheart sula mbuailfí faoi obair chasta mar seo.



*Léaráid don Teach Altranais*

## An tIonad Fiontair


*deimhniú go ndéanfar an obair*

Tá dea-scéal againn faoi dheireadh faoin Ionad Fiontair atá ceaptha don Eastát Tionscail i gCarna. Díreach agus muid réitithe leis an Irisleabhar seo a phriondáil, tá scéala tagtha go bhfuil airgead dá chur de leataobh leis an Ionad a thógáil i 1999. Tuigtear dúinn freisin go bhfuil socrú déanta ag lucht na hOifige Pleanála go dtabharfar cead d'Údarás na Gaeltachta roinnt athruithe a dhéanamh ar an bhfoirgneamh. Tá cupla doras agus leithris i gceist.

Ball d'Fhóram Phobal Iorras Aithneach a dhúisigh an cheist seo an chéad lá agus tá cuimse iarrachtaí déanta acu lena chinntiú go mbeadh an tIonad ann.

Tá Plean an Ionaid bunaithe ar mholtaí a chuir lucht an Fhóraim do Phobal Iorras Aithneach i láthair roinnt blianta ó shin. Tá súil againn go mbeidh dea-thoradh ar an obair.

Tá léaráid de Phlean an Ionaid Fiontair le feiceáil ar an gcéad leathanach eile.




AN tIONAD FIONTRAÍOCHTA ATÁ LE TÓGÁIL I gCARNA I 1999

# ACM ROOFING

Carna, Conamara.
Fón: 095 - 32251 Facs: 095 - 32341
Mobile: 088 596868

*Saineolaithe ar Chúrsaí Díonta*

Tá ACM i mbun oibre le ós cionn 20 bliain i gCarna.

Tá margadh maith againn freisin in Earraí Iarainn,
Ráillí, Frámaí, Clós Ceansú Beithígh, Geataí.

**An Braon Anuas?** **Glaoigh Orainn**
**Áras gan Ceann?** **Glaoigh Orainn**
**Fráma Cruach Foirgnimh?** **Glaoigh Orainn**



# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an bhFóram Pobail as a bhfuil déanta acu.*

# Scaitheamh ar an saol

Dhá scór bliain go ham seo a bunaíodh an tIonad Taighde Atmasféir agus Aimsire i gCeann Mása i gCarna. Ollscoil na hÉireann i nGaillimh a bhunaigh an tIonad agus tá obair mhór a bhaineann leis an aimsir agus leis an aeráid á dhéanamh ann.

Dúirt Uachtarán na hOllscoile an lá a raibh an ceiliúradh ar bun go raibh súil acu go bhfaighfí tacaíocht do thionscnaimh taighde eile sa Más amach anseo.

Chúig bhliana fichead go ham seo a bhunaigh Séamas Breathnach comhlacht A.C.M. i gCarna. As ceantar Chathair na Mart é Séamas agus tá éacht déanta aige sa méid agus go bhfuil tionscal iarainn agus cruaiche coinnithe ag imeacht aige in Iarthar Chonamara - beagbeann ar dhroch-theileafóin agus ar dhroch-bhóithre, sna blianta a caitheadh.

Is mór is fiú go bhfuil córas maith teileafóin ann anois agus go bhfuil na bóithre níos fearr ná a bhíodh siad. Guíonn muid chúig bhliana fichead eile.......agus tuilleadh.....do Shéamas i gCarna.

## AR BHARR BHINN LEITRÍ



Tá radharc breá ag na daltaí seo as Scoil Phobail Charna ar Chonamara, ón gcnocán seo ar bharr Bhinn Leitrí sna Beanna Beola. Ó chlé: Liam Ó Laighin, Maitiú Ó Conghaile, Gearóid Mac an Iomaire, Úna Ní Cheannabháin, Sarah Ní Mhaoláin, Seán Ó Ceoinín agus Darren Mac Craith.



**Théis an Chladaigh**

*Ó chlé - Conal Ó Caodhna as Glinsce, Audrey Murphy, teagascóir i gcúrsaí mara agus cladaigh as Corcaigh; Anna Ní Chatháin as Carna agus Brona Ní Chuinneáin as Leitir Ard. Bhí Audrey Murphy ag cur na ndaltaí scoile ar an eolas faoin gcladach.*



**Scéal na Mara**

*Gasúir scoile na hAirde Thiar ag éisteacht go cúramach le Audrey Murphy agus í ag tabhairt eolais dóibh faoi chúrsaí na mara. Tá urraíocht déanta ag Taighde Mara Teoranta agus ag Údarás na Gaeltachta ar chúrsa eolais faoin bhfarraige do scoileanna sa gceantar agus sí Audrey an teagascóir. Is iníon í le Matt Murphy as Inis Earcáin i gCorcaigh, an fear a chuir amach an nuachtán timpeallachta,* ***"Sherkin Comments".***

# Daonra an Phobail

Tógadh an cuntas seo ar dhaonra an phobail i dtús Mhí na Nollag, 1998. Tá na bailte liostáilte anseo díreach mar a bhí siad le roinnt blianta anuas i bhfoilseacháin eile.

| | |
|---|---|
| Doire Iorrais | 75 |
| Coill Sáile | 92 |
| Loch Con Aortha | 94 |
| Cill Chiaráin (An Sráidbhaile) | 162 |
| Áill na Brún | 65 |
| Bántrach Ard | 42 |
| An Aird Mhóir | 173 |
| Caladh bhFuínse | 97 |
| Roisín na Mainíoch | 132 |

## MUIGHINIS

| | |
|---|---|
| Cartúr | 37 |
| Feithearnach | 67 |
| An Meall Rua | 37 |
| Roisín a'Chalaidh | 4 |
| An Crumpán | 52 |

## CARNA

| | |
|---|---|
| Ón gClochar go dtí an tÓstán | 129 |
| Leitir Deiscirt | 40 |
| An Coillín | 40 |
| An Aird Thoir | 64 |
| An Aird Thiar | 62 |
| An Más | 32 |
| An Leathmhás | 2 |
| Duibhithir | 60 |
| Muighros (agus chomh fada leis an scoil) | 82 |
| Leitir Ard, Damhros agus chomh fada le Scoil Mhuighrois | 107 |
| Glinsce | 73 |
| Caladh an Chnoic | 10 |
| Gabhla | 42 |
| **Daonra iomlán an pharóiste** | **1872** |

*(sin 19 níos mó ná anuraidh)*

**Nóta faoin daonra:** 1818 an daonra a bhí sa bparóiste nuair a thóg muid an chéad chomhaireamh 8 mbliana ó shoin.


# Adhmad Teo.

Casla

KITCHEN UNITS

•

CÓFRAÍ

Troscán de chineálacha eile

*Togha na hoibre*

**Casla, Conamara. Tel: 091-572290**

# I nGairdín Dé.

*Na daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 1/12/1997 - 1/12/1998.*

| Dáta | Ainm | Seoladh |
|---|---|---|
| 10/1/1998 | Seosamh Ó Ceannabháin | An Aird Thoir. |
| 23/1/1998 | Michael Nevelle | Luimneach agus an Aird Mhóir. |
| 24/1/1998 | Máire Bean Uí Chonghaile | Muighinis. |
| 06/2/1998 | Máirtín Ó Loideáin | Roisín na Mainíoch. |
| 26/2/1998 | Mary McMillan | Leitir Ard agus Ohio. |
| 16/3/1998 | Joe Berry | An Coillín. |
| 05/3/1998 | Pádraig Breathnach | Doire Iorrais agus Londain. |
| 19/3/1998 | Máire Bean Uí Chuaig | Aill na Brún. |
| 25/3/1998 | Seán Ó Cualáin | Leitir Aird. |
| 05/5/1998 | Colm Ó Flatharta | Coill Sáile |
| 08/5/1998 | Máire Ní Ghiolla Phádraig | Muighinis. |
| 09/5/1998 | Máire Ní Dhomhnaill | Muighros. |
| 16/5/1998 | Peadar Colman Ó Súilleabháin | Doire Iorrais agus Manchain Shasana. |
| 24/5/1998 | Máire Bean Uí Chualáin | Muighinis. |
| 21/7/1998 | Máire Bean Uí Chatháin | Gabhla |
| 12/9/1998 | Tomás Ó Máille | Doire Iorrais agus Sasana |
| 17/9/1998 | Máire Bhreathnach | an Aird Thiar agus Baile Átha Cliath. |
| 18/9/1998 | Pádraig Breathnach | an Aird Mhóir. |
| 20/10/1998 | Seán Ó Conghaile | an Más agus Nua Eabhrac. |
| 29/10/1998 | Seán Ó Labhra | Roisín na Mainíoch. |

# *Sonas Oraibh*

| | |
|---|---|
| 1/11/1997 | **Éamon O Dea** (Baile Átha Cliath) agus **Máire Bhreathnach** (Coill Sáile). |
| 09/5/1998 | **Gerard Drury** (Dún na nGall) agus **Caroline Nic Dhonnchadha** (Aill na Brún). |
| 06/6/1998 | **Brian O Callaghan** (Corcaigh) agus **Paula Ní Chualáin** (Carna). |
| 06/6/1998 | **Seán Ó Dúgáin** (Leitir Calaidh) agus **Margarita Ní Cheallaigh** (Coill Sáile). |
| 27/6/1998 | **Joe Cashin** (Ros Muc) agus **Bairbre Nic Dhonnchadha** (An Coillín). |
| 08/8/1998 | **Michael Connolly** (Surrey) agus **Lucy Perryman** (Surrey). |
| 12/9/1998 | **Ciarán Mac an Iomaire** (Leitir Ard) agus **Áine Ní Cheannabháin** (An Aird Thiar). |
| 19/9/1998 | **Bríd Nic Con Rí** (An Aird Thiar) agus **Tomás Mac Donnchadha** (An Cheathrú Rua). |

## *Líon na ndaltaí i mbunscoileanna an cheantair*

| | |
|---|---|
| Carna | 54. |
| Cill Chiaráin | 64. |
| Muighinis | 24. |
| An Aird Thiar | 41. |
| An Aird Mhóir | 75. |
| Muighros | 24. |
| Scoil Phobail Charna | 178. |

# GASÚIR A BAISTEADH SA BPOBAL IDIR 1/8/1997 - 31/7/1998

| | |
|---|---|
| 04/11/1997 | Marcas Breandán De Búrca, Muighros. |
| 11/11/1997 | Martina Maria Ní Chualáin, Muighros. |
| 15/11/1997 | Cathal Pádraig Ó Maoilchiaráin, Roisín na Mainíoch. |
| 03/12/1997 | Eibhlín Máire Ní Loideáin, Roisín na Mainíoch. |
| 16/12/1997 | Rachel Ann Ní Chlochartaigh, Aill na Brún. |
| 19/12/1997 | Siobhán Ní Riain, Doire Iorrais. |
| 20/12/1997 | Ciara Bridget Ní Niaidh, Cill Chiaráin. |
| 13/1/1998 | Aisling Seosaimhín Ní Chonghaile, Corcaigh. |
| 16/1/1998 | Tomás Seán Ó Neachtain, Doire Iorrais. |
| 21/1/1998 | Caitríona Treasa Ni Mhaoilchiaráin, Caladh bhFuínnse. |
| 01/3/1998 | Colaimín Pádraig Mac an Iomaire, Roisín na Mainíoch. |
| 22/4/1998 | Joy Clare Ni Fhaoileacháin, Dubhithir. |
| 23/4/1998 | Seosamh Máirtín Ó Conghaile, Coill Sáile. |
| 23/4/1998 | Colm Pádraig Ó Cathasaigh, Muighinis. |
| 25/5/1998 | Ailbhe Ní Fhoghlua, Muighros. |
| 29/5/1998 | Maitiú Ó Gríofa, An Crompán. |
| 25/6/1998 | MacDara Seán Ó Curraoin, Caladh an Chnoic. |
| 11/7/1998 | Brenda Eilís Ní Loideáin, Roisín na Mainíoch. |
| 27/7/1998 | Dara Proinsias Ó Laoire, Carna. |

# Tigh Pheacocke

An Teach Dóite

Fón: (091) 552306/552374/552375

## IMEACHTAÍ NA NOLLAG

| | | |
|---|---|---|
| Dé hAoine | 18/12/1998 | Disco |
| Dé Céadaoin | 23/12/1998 | Cóisir Nollag agus Disco |
| Dé Sathairn | 26/12/1998 | Disco Oíche Fhéil' Stiofáin |
| Dé Domhnaigh | 27/12/1998 | Ceol idir 5 - 8 pm tráthnóna<br>Oíche Dé Domhnaigh Disco |
| Dé Luain | 28/12/1998 | Cóisir na ngasúr ag a 3 a chlog |
| Dé Céadaoin | 30/12/1998 | Dinnéar Bliantúil Chumann na bPiarsach |
| Déardaoin | 31/12/1998 | Disco Cinnbhliana |
| Dé hAoine | 1/1/ 1999 | Disco |

EOLAS FAOI BHUSANNA: GLAOIGH AR (091) 552306.

Margadh an Tí Dhóite: Fón: (091) 552306/552254 - Dé Sathairn amháin

**Ní bhuailfidh tú an praghas a gheobhfas tú ar bheithigh agus ar chaoirigh ag margadh an Tí Dhóite.**

*Is féidir deis iompair a chur ar fáil freisin.*

# AN AIMSIR

*Tógadh an cuntas seo in Ionad Ollscoil na Gaillimhe i gCarna.*

Bhí an bhliain seo i bhfad níos fliche ná anuraidh. Chaith sé 1098 mm báistí sna haon mhí dhéag ó thús na bliana go dtí an lá deireannach de mhí na Samhna. San tréimhse céanna anuraidh, chaith sé 987.6 mm. San tréimse sin i 1996 chaith sé 1024 m báistí. Aisteach go leor, chaith sé 1146 mm báistí sa tréimhse sin i 1995, bliain a dtáinig píosaí móra aimsir bhreá. Tharla sé go dtáinig sé ina ghlearadh uilig roinnt laethanta an Samhraidh sin agus bhí mí an Eanáir an-dona ach an bhliain sin. Tá súil againn go n-ísleoidh na figiúirí seo an chéad bhliain eile! Ciarán Ó Maoláin a fhaigheann na cuntaisí seo ar an aimsir i stáisiún taighde atmasféir na hOllscoile i gCeann Mása.

## *An Bháisteach*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Eanáir | 150.5 millitmetre | Iúil | 104.1 mm. |
| Feabhra | 62.2 mm. | Lúnasa | 92.0 mm. |
| Márta | 96.3 mm. | Meán Fómhair | 86.3 mm |
| Aibreán | 80.3 mm. | Deireadh Fomhair | 146.2 mm. |
| Bealtaine | 27.7 mm. | Samhain | 164.8 mm. |
| Meitheamh | 159.7 mm. | | |

**An lá ab fhuaire:**
2 Feabhra, 10 Feabhra - 1.4°
**An lá ba teocha:**
21 Meán Fómhair 22.4°C

# FOINSÍ OIBRE SA bPOBAL


| Ionad | Lán-Aim. | Páirt-Aim. |
|---|---|---|
| I.S.P.G. . Cill Chiaráin | 11 | 1 |
| Gaelic Seafoods | 23 | 20 |
| (19 den dream páirt-aim. ag obair formhór na bliana). | | |
| Emerald Fisheries | 10 | 10 |
| Transmara Teoranta | 13 | 2 |
| Éisc Uí Fhlatharta | 4 | 3 |
| Arramara Teoranta | 16 | 2 |
| A.C.M. Teoranta | 6 | 0 |
| Saotharlann Mara UCG i Muighinis | 9 | 2 |
| Carna Lighting | 6 | 0 |
| Cill Chiaráin Éisc | 33 | 7 |
| Nivectron | 15 | 18 |
| Comharchumann Chonamara Thiar | 5 | 0 |
| An Comharchumann Sliogéisc | 2 | 1 |
| (Bíonn thart ar 180 iascaire amuigh ar shéasur na n-oistrí agus 70 - 80 ar shéasúr na muiríní). | | |
| Taighde Mara Teoranta | 3 | 0 |
| Áiseanna Mara Teoranta | 0 | 5 |
| Scéim Chúltaca | 2 | 16 |
| **SEIRBHÍSÍ POIBLÍ.** | | |
| Múinteoirí | 29 | 5 |
| Seirbhísí Leighis agus Sóisialta | 6 | 1 |
| Oibrithe Comhairle Contae | 5 | 0 |
| Oifigigh Poist agus Fir an Phosta | 5 | 0 |
| Gardaí | 2 | 0 |
| **SEIRBHÍSÍ EILE.** | | |
| Siopaí tithe ósta/óstáin | 34 | 16 |
| Obair thógála/réiteach suíomhanna tithe, srl | 30 | 21 |
| (Tá go leor den dream páirt-aim., ag obair formhór na bliana uilig). | | |
| Seirbhísí oifige | 4 | 0 |
| Scéim oiliúna ríomhairí, srl, in Áras Charna | 20 faoi oiliúint agus 3 mhúinteoir. | |
| **CINEÁLACHA EILE OIBRE.** | | |
| Féinfhostaithe agus obair eile (tiománaí bus, srl) | Thart ar 27 | |
| Ag dul chuig postanna taobh amuigh den phobal ag obair chuile lá.....Telecom, srl. | Thart ar 30 | |

*(Tá sé deacair a bheith cruinn go hiomlán leis na figiúirí seo mar go n-athraíonn siad anois agus aríst).*



**An Corn Tigh Choyne**

*Fear an Tí, Michael Coyne agus Corn Chraobh Sacair na hÉireann ar an gcabhantar aige. Tá Seán Mac Fhlannchadha ar dheis. Chun tosaigh ó chlé: Con Hynes, Joe Keating (Bainisteoir Ghaillimh Aontaithe) agus Máirtín Mac Fhlannchadha (deartháir le Seán), a bhí sa mbaile as Meiriceá.*



**An Corn i gCill Chiaráin**

*Corn Chraobh na hÉireann i Sacar na nÓgánach ag Seán Mac Fhlannchadha i gCill Chiaráin. Tá a mhac, MacDara ar chlé agus Séamus Ó Catháin ar dheis, beirt as an bpobal a bhí ar fhoireann Ghaillimh Aontaithe a bhuaigh an Chraobh.*

# Craobh Sacair na hÉireann ag ógánaigh na Gaillimhe

*Ócáid stairiúil a bhí inti i mí Iúil seo caite nuair a bhuaigh foireann na n-ógánach i gcumann sacair Ghaillimh Aontaithe craobh na hÉireann. Bá é seo an chéad uair a ndearna foireann as Cúige Chonnacht an gaisce seo. Bhí baint mhór ag an gceantar seo leis an mbua sin. Bhí triúr as an gceantar ag imirt do Ghaillimh Aontaithe i rith na bliana - Mac Dara Mac Fhlannchadha as Cill Chiaráin, Séamas Ó Catháin as Gabhla agus Cóilín Mac an Iomaire as Cloch na Rón....ach arbh as Roisín na Mainíoch ó dhúchas é.*




*Ó chlé - Mac Dara Mac Fhlannchadha as Cill Chiaráin, Séamas Ó Catháin as Gabhla agus Cóilín Mac an Iomaire, a bhuaigh an gradam, "Réalt Óige Sacair na Bliana i nGaillimh."*

# LÁMH CHÚNTA Ó AIB



Téann díograis agus comhoibriú le chéile chun comhleas pobail a chothú. Glacann AIB go hiomlán leis seo agus táimid toilteanach ár gcion a dhéanamh i do phobal.

Mar cheann de phríomh institiúidí airgeadais na hÉireann, tuigimid an tábhacht atá le cabhrú le daoine chun na cuspóirí atá acu a chomhlíonadh agus chun na cuspóirí seo a thabhairt chun críche tá raon cuimsitheach de sheirbhísí agus de tháirgí á chur ar fáil againn. Mar teastaíonn lámh chúnta ó gach duine ó am go ham.

**An Clochán 095-21129/21120**

AIB

Banc

***Gineann tú an bhuaic ionainn***






# SEÁN CASEY

**Gairbhéal • Clocha • Clocha le haghaidh tógála.**

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe

Fón: 095-33579
Fón póca: 088-2714648





*An Príomh Oide, Roibeárd Ó hÉilí; Joe Keating, traenálaí Ghaillimh Aontaithe; Macdara Mac Fhlannchadha; Séamus Ó Catháin; Pádraig de Búrca, múinteoir aclaíochta agus daltaí na Scoile Pobal, Carna.*



**In éineacht lena gcairde**

*MacDara Mac Fhlannchadha (ar chlé) agus Séamas Ó Catháin agus Corn Chraobh na hÉireann acu i gcuideachta a gcairde sa rang Ardteistiméireachta i Scoil Phobail Charna. An múinteoir Corpoiliúna, Pádraig De Búrca, ar dheis sa líne tosaigh.*

# PEIL NA mBAN

# Foireann Ghaeltacht Chonamara 1998

*Máire Uí Fhlatharta (An Aird Mhóir)*

Eagraíodh Comórtas Peile na Gaeltachta do mhná den chéad uair ariamh i 1998. Bhí trí fhoireann ag imirt sa gcomórtas i gCloich Chionnaola i dTír Chonaill aimsir na Cincíse seo caite. B'as Conamara, Iorras i gContae Mhaigh Eo agus Tír Chonaill na foirne a bhí ann.

San Aibreán seo caite a thosaigh foireann Chonamara ag traenáil. Siad Carna, An Fháirche, Leitir Móir, Ros Muc agus an Cheathrú Rua a bhí ar phaineál Chonamara. B'iad Séamas Ó Flatharta as an Aird Mhóir agus Colman Ó Flatharta as Camas a bhí ag traenáil agus ag roghnú na foirne. Fuair muid go leor tacaíochta ó chomhlachtaí, ó shiopaí agus ó thithe ósta leis an bhfoireann a fheistiú amach.

Seo iad na príomh-urraithe a bhí againn:

Geansaithe imeartha....Tigh Bhúrca, An Fháirche;
T-Léinte......Tigh Phlunkett, Leitir Móir;
Málaí.....Comhlacht Éisc Iathghlas ar an Aird Mhóir.

Tá muid an-bhuíoch de chuile dhuine agus de chuile dhream a thug cúnamh dúinn.

Thaisteal muid go Tír Chonaill ar an Aoine agus bhí an chéad chluiche againn ag 4.30 Dé Sathairn in aghaidh fhoireann Iorrais as Mhaigh Eo.
Cluiche crua a bhí ann ach bhí an bua ag cailíní Chonamara. Ar an Domhnach a d'imir muid an cluiche ceannais in aghaidh chailíní Dhún na nGall. Bhí sé ag gleáradh báistí ach níor chuir sin as do cheachtar foireann. Bhí cluiche maith ann ach thug cailíní Chonamara an Chraobh agus Cupán Aire na Gaeltachta leo. Tháinig muid abhaile Dé Luain, tuirseach ach sásta. Bhí ceilliúradh againn ar an bhFáirche ar dtús.... agus i gcuid mhaith áiteacha eile nó gur chríochnaigh muid an cúrsa Tigh Phlunkett i Leitir Móir. Tá muid ag tnúth go mór le Comórtas na Bliana 1999.




**Foireann faoi - 12 Charna**

*Chun tosaigh, ó chlé - Nuala Nic an Rí, Siobhán Ní Éinniú, Bairbre Ní Mhaoilchiaráin, Sinéad Ní Mhaoilchiaráin (Caiptín), Neasa Ní Chuaig, Máire Ní Chuaig, Róisín Ní Chualáin, Bridget Ní Chlochartaigh, Martha Ní Chualáin, Niamh Ní Choirbín.*
*Líne cúil, ó chlé: Déirdre Ní Dhonnchadha, Rebecca Taqi, Mary Ann Ní Dhonnchadha, Róisín Ní Chatháin, Sinéad Bhreathnach, Irene Ní Chualáin, Aisling Ní Choirbín agus Orla Ní Chualáin.*




**Peileadóirí Charna faoi - 12**
*Ó chlé: Martha Ní Chualáin, Niamh Ní Choirbín agus Nuala Nic an Rí.*



**Boinn an Chontae**
Mná Chumann Charna théis dóibh glacadh le boinn Chraobh an Chontae ag dinnéar cinnbhliana an Chumainn.

# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna

*Eolas iomlán ar fáil*

**Rúnaí Áitiúil**
Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara
Fón: 095-33412

**Stiúrthóir**
Dónall Mac Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille
Inis, Co. an Chláir
Fón: 065-39670

# ARRAMARA TEO.

**Cill Chiaráin, Conamara**

**Teil: 095-33404/33417**

**Facs: 095-33494**

**e mail: info@arramara.ie**

**web: http://www.arramara.ie**




**Bronntanas Málaí**

*Séamas Ó Flatharta as comhlacht Emerald Fisheries - Iasc Iathghlas Teo - ag bronnadh málaí ar chaiptín fhoireann Chonamara sula ndeachaigh siad chuig Comórtas Peile na Gaeltachta i dTír Chonaill.*
*Sa bpictiur, ó chlé: Cóil Ó Ceallaigh (Traenálaí), Olivia Ní Chuív (foireann na Fáirche), Emer Ní Chuív (foireann na Fáirche), Gearóidín Feerick (an Fháirche - caiptín Chonamara), Séamas Ó Flatharta, Philomena Ní Fhlatharta (Leitir Móir) agus Colman Ó Flatharta (Bainisteoir na Foirne).*


# Áras Mháirtín Uí Chadhain

**An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091-595101/595038. Facs: 091-595041**
**ríomhphost: arasuíchadhain@tinet.ie**



Cúrsaí Gaeilge 1998/1999
Daoine Fásta, Mic Léinn Tríú Leibhéal
Eachtrannaigh, Cúrsaí Deireadh Seachtaine

Ranganna Oíche Gaeilge do Dhaoine Fásta
Ranganna Oíche Ríomhaireachta trí Ghaeilge
Seirbhís Rúnaíochta trí Ghaeilge don phobal

Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

Cúnamh agus tacaíocht don chlann gan Ghaeilge
ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim

Na Forbacha, An Cheathrú Rua, Carna, Inis Mór

# Carna/An Caiseal ar tháirseach na sinsear

Tá foireann peile Charna/An Chaisil i bhfoisceacht cupla cluiche do stádas sinsir peile ...níl na cluichí sin imeartha agus muid ag scríobh. B'iontach an t-éacht do Charna/An Caiseal é dá n-éireodh leo an stádas sin a bhaint amach. Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil siad go láidir ar an mbóthar i dtreo an stádais sin - i mbliana, nó bliain eicínt go gairid.

Chuir an Creagán deireadh le iarrachtaí Charna/An Chaisil sa gCraobh Idirmheánach i 1998 ach siad an Creagán a bhuaigh craobh an Chontae níos deireanaí.

Ba mhór an t-údar bróid do Charna/An Caiseal freisin go raibh peileadóir dá gcuid, Mícheál Ó Clochartaigh, ar phainéal na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann i mbliana.

Beidh an fhoireann faoi 21 i gcluiche ceannais Iarthar na Gaillimhe in aghaidh Mhícheál Breathnach. Tá scíth ag an bhfoireann sóisir "B" faoi láthair théis dóibh Sraith an Iarthair a bhuachaint den chéad uair le blianta.

Fuair siad an ceann is fearr ar Leitir Móir sa gcluiche ceannais. Fuair Cumann Naomh Colmáin an ceann is fearr orthu i gcraobh an Chontae, ina dhiaidh sin.

### Foireann Scoil Phobail Mhic Dara agus Peileadóirí na Gaillimhe



*Líne cúil: ó chlé: Tomás Ó Nídh, Michael Donnellan, Micheál Ó Clochartaigh, Pádraic M. Ó Cualáin.*
*Chun tosaigh: Mairéad Ní Neachtain, Bairbre Uí Neachtain, Máire T. Uí Chuinneagáin, Séamas Ó Coileáin, Mairéad Mhic Dhonncha agus Máire Ní Dhomhnaill.*



*Corn Mhic Uidhir in Óstán Chuan Charna.*



*Josie Sheáin Jack Mac Donncha ag casadh amhrán ar an sean-nós agus Pádraic Tom Phaits Ó Ceannabháin, Seán McKiernan agus Cóilín Ó Cualáin sa bpictiúr freisin ag ócáid in Óstán Chuan Charna.*



Corn Mhic Uidhir ag grúpa scoláirí


*Ó chlé: Linda Ní Chualáin, Proinsias Ó Nia, Máirín Ní Mhainnín, Irene Ní Chuinneagáin, Caitlín Ní Chualáin, Mairéad Ní Dhubháin, Martha Seoige agus Bairbre Nic an Iomaire.*



**Buachaillí Scoil Phobail Mhic Dara agus Corn Mhic Uidhir**


*Líne tosaigh: ó chlé: Brian Standúin, Colm Ó Cathasaigh, Micheál Ó Caonaigh, Aongus Ó Cualáin, Mairtín Ó Cualáin, Val Ó Féinidh, Beartla Ó Cathasaigh agus Marcas Ó Cathasaigh.*

*Líne cúil: ó chlé: Peadar Ó Dubháin, Pól Ó Cathasaigh, Ciarán Mac Donncha, Seán Pól Ó Féinidh (comhartha na scoile taobh thiar dó), Seán Ó Cualáin, Proinsias Ó Nia, Michael Donnellan, Micheál Ó Clochartaigh, Tomás Ó Maoilchiaráin, Seán Ó Guairim agus Tomás Ó Loideáin.*



**Láimh sa gcupán**

*Bríd Uí Loideáin as an gCoillín agus a beirt chlainne, Colm agus Cathal, agus Corn Mhic Uidhir i gCarna.*




**Cailíní Scoil Phobail Mhic Dara agus Corn Mhic Uidhir**

*Líne tosaigh: ó chlé: Máire Ní Chaonaigh, Déirdre Ní Ghuairim, Bairbre Nic an Rí, Áine Ní Chathasaigh, Carol Ní Chualáin, Nóirín Bhreathnach, Bairbre Nic an Iomaire agus Póilín Ní Cheannabháin.*

*Líne cúil: ó chlé: Sinéad Ní Shúilleabháin, Siobhán Ní Chualáin, Áine Marie Ní Chuirrín, Mairéad Ní Dhubháin, Máire B. Ní Fhlatharta, Bríd Ní Neachtain, Máire Ní Chathasaigh agus Caitlín Ní Chualáin le Michael Donnellan agus Mícheál Ó Clochartaigh.*

# Plean Fostaíochta

*Fáil ar chóipeanna san oifig i dTeach an Údaráis.*


Plean Fostaíochta do
Cheantar Iorras Aithneach

Curtha i dtoll a chéile ag Éamonn Ó hÉanaigh ar Iarratas
ón Fóram do Phobal Iorras Aithneach - Cárna


# Comharchumann Chonamara Thiar Teo.

**Cill Chiaráin**
**Fón: 095-33436 Facs: 095-33413 Oifig Ros Muc: 091-574341**

**STÓR**
Earraí Feirme, Ábhar Tógála, Crua-Earraí
**SIOPA AN PHOBAIL**
**FORBAIRT PHOBAIL**
**SCÉIMEANNA FORBARTHA**
**EAGRAÍOCHT PHOBAIL – DON PHOBAL**

*Beannachtaí na Nollag*

# AN FHARRAIGE

## - an dtabharfaidh sí an pobal i dtír?

**(Tá an fharraige ar cheann de bhunchlocha na heacnamaíochta sa taobh seo tíre. Is minic ráite é go bhféadfaí i bhfad níos mó oibre a bhunú ar an iascaireacht agus ar thionscail na mara anseo. Sé *Mícheál Ó Corrduibh* atá ina Bhainisteoir in Údarás na Gaeltachta ar thionscail a bhaineann leis an bhfarraige. San alt seo caitheann Mícheál Ó Corrduibh súil ar an iascaireacht agus ar thionscail na mara in Iorras Aithneach).**

Tá traidisiún fada ag baint le saothrú acmhainní mara i gceantar Iorras Aithnigh, traidisiún a shíneann siar chomh fada agus atá siar ann. Bhítí ag iascach amuigh ar an domhain agus istigh ar an tanaí araon, bhítí ag saothrú éisc agus sliogéisc agus ag ceilpeadóireacht faoi mar atá ráite in 'Cladaí Chonamara' ag Séamas Mac an Iomaire

> " in aice na mara is líonmhaire atá na tithe, mar is ón bhfarraige is mó atá cothú na ndaoine"

agus arís

> "timpeall le céad bliain nó mar sin ó shoin (i.e roimh aimsir an drochshaoil) ...... báid iomartha a bhíodh ag formhór na ndaoine, agus ag iascaireacht le doruithe a bhíodh siad go háirithe .....Iascach cnúdán a bhíodh i gceist go mór sa tseanaimsir....Is mór an t-athrú atá ar an saol ón aimsir sin go dtí an aimsir láithreach (i.e tús an chéid seo). Tá trí chineál báid ag muintir na háite seo anois, is iad sin nabíos, gleoiteoga agus púcáin. Tá iascach á dhéanamh ann le líonta, le spiléid, le traimeanna agus le doruithe."

Ag brath ar an modh iascaireachta bhídis ag marú ronnachaí agus scadán, eascanna, roic, scolbaird, leathaí, turbaird, bóleathaí, langaí, troisc, colmóirí, cadóga, freangaigh agus go leor cineálacha eile.

Tá beirtreacha saibhre sliogéisc i gCuanta Chill Chiaráin agus na Beirtrí Buí. Ní inniu ná inné a thosaigh pobal an cheantair ag baint leasa agus ioncaim as an acmhainn luachmhar sin - cé go gcaithfear a admháil go raibh suas agus síos ag baint leis an tionscal siar tríd na blianta - ach is deacair a chreidiúint go raibh na céadta ag fáil saothrú as na beirtreacha sin sna tríochaidí agus sna ceathrachadaí. Is léir mar sin go bhfuil traidisiún fada farraige agus scileanna farraige sa cheantar agus sé dúshlán Údarás na Gaeltachta ná na hacmhainní a fhorbairt ar bhealach a ghinfeas fostaíocht do dhaoine áitiúla agus tairbhe eacnamaíochta don phobal i gcoitinne. Feictear dom go bhfuil céimeanna móra tógtha leis an sprioc sin a bhaint amach sa cheantar seo.

Is i lár na seachtóidí a tosaíodh i ndáiríre ar an acmhainneacht a bhaineann le fómhaireacht na mara sa gceantar a mheas agus a aithint. Bhunaigh Gaeltarra Éireann fochomhlacht darbh ainm Beirtreach Teo le dul i mbun taighde ar iasc eiteach agus sliogánach araon. Is tríd an infheistíocht thaighde a rinneadh trí Bheirtreach Teo a leagadh an dúshraith do thionscal na feilméireachta bradán agus don tionscal sliogéisc sa cheantar. D'fhéadfaí a rá go raibh dhá chuspóir ag Beirtreach Teo. - gnó a bhunú ar thaighde agus taighde breise a bhunú ar fhorbairt gnó. Chuaigh feidhmeannaigh an chomhlachta sin i bhfad ó bhaile leis an saineolas is fearr a bhailiú maidir le teicnicí feilméireachta bradán agus sliogéisc araon agus na dálaí is fearr a d'fheilfeadh d'fhorbairt an tionscail mhuirshaothraithe. Thugadar leo ar ais saineolas mhuintir na hIorua, na hAlban agus Cheanada agus phósadar é sin le saineolas a fuarthas ag baile ó Bhord Soláthair an Leictreachais agus ón Ionad Taighde Sliogéisc a bhí bunaithe i gCarna ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Ar ndóigh teastaíonn feithiclí láidre ar an bhfód (nó ar an uisce!) leis an obair fhorbartha a chur chun cinn agus gnóthaí tráchtála a riaradh agus a fhorbairt. Bunaíodh Bradán Mara Teo mar chomhlacht forbartha agus tráchtála do thionscal na mbradán agus díoladh ar aghaidh é chuig P. J. Carroll & Co. ina dhiaidh sin mar ghnó brabúsach inmharthanach. Ba é seo an chéad chéim mhór i bhforbairt thionscal na mbradán feirm-chothaithe. Ba thábhachtach an ní é don Údarás gur i gCarna a bhí ceanncheathrú an chomhlachta sin mar aithníodh an tábhacht a bhain leis an gceantar sin mar chroílár thionscal an mhuirshaothraithe.

Bunaíodh Taighde Mara Teo mar fho-chomhlacht taighde mara an Údaráis (agus lonnaíodh a ceanncheathrú i gCarna sa chomharsanacht chéanna leis an Ionad Taighde Sliogéisc) sa gcaoi go mbeadh feithicil sainiúil ag an Údarás ag gabháil go leanúnach do thrialacha ar speicis nua agus go mbeadh áis thacaíochta thaighde ar fáil d'iascairí agus d'eagrais áitiúla chois cósta. Is ar an mbunús sin a fheidhmíonn Taighde Mara Teo.

Sa chomhthéacs sin bhí bunú Chomharchumann Sliogéisc Chonamara Teo i 1986 an-tráthúil agus an-riachtanach. Bhí de thábhacht ag baint leis gur chuir sé struchtúr ar fáil a bhí faoi úinéireacht na n-iascairí féin, struchtúr a bhí fíorfheiliúnach le plean forbartha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le tacaíocht na scairshealbhóirí agus a bhí an-fheiliúnach mar struchtúr infheistíochta ag na heagrais stáit, an tÚdarás ach go háirithe. Is ionann Comharchumann Sliogéisc Chonamara agus a n-acmhainní féin á mbainistiú ag an bpobal.

Ar ndóigh, is tríd infheistíocht ón earnáil phríobháideach is fearr is féidir tairbhe iomlán fostaíochta agus ioncaim a ghiniúint as na hacmhainní seo de réir leagan amach forbartha an stáit seo. Ní féidir a rá nach bhfuil sciar nach beag den infheistíocht phríobháideach sa tionscal seo ar chósta ar iarthair le feiceáil i gCuanta Chill Chiaráin agus na Beirtrí Buí. Sa phlean forbartha comhtháite a leag an tÚdarás amach don tionscal i ndeireadh na seachtóidí bhíothas ag súil go dtiocfadh roinnt comhlachtaí móra chun cinn a thabharfadh toirt agus meáchán táirgeachta agus margaíochta don tionscal, go bhfásfadh gréasán feilmeacha saitilíte timpeall orthu, go mbunófaí lárchóras margaíochta agus go bhfásfadh aonaid phróiseála agus seirbhísí sa gceantar céanna. Thar aon áit eile ar chósta an iarthair tá sin tarlaithe i gceantar Iorras Aithnigh - is ann atá an dá aonad taighde, An Saotharlann Taighde agus Taighde Mara Teo; is ann atá Gaelic Seafoods, Éisc Iathghlas Teo. agus Éisc Uí Fhlatharta; i mbun próiseála agus pacála tá Cill Chiaráin Éisc; agus is ann freisin atá bunáit seirbhísí iompair Transmara Teo, aonaid phróiseála agus lárionad an chomhlachta margaíochta Cumann Táirgeoirí Biamara na hÉireann Teo. Chomh maith leis sin tá seirbhís thumadóireachta agus biúró gnó ag soláthar seirbhísí don tionscal anseo.

Sé an toradh atá ar an ngníomhaíocht sin uilig ná gur tionscal fíor-thábhachtach é sa gceantar a bhfuil bunstruchtúr láidir faoi. Creidim féin go bhfuil breis fáis agus forbartha i ndán don tionscal sa gceantar. De bhreis air sin ar fad tá de chumas ag an bpobal áitiúil forbairt agus bainistiú a dhéanamh ar chineálacha éisc nach bhfuil diansaothrú á dhéanamh orthu fós sa gceantar, ar nós gliomaigh agus ribe róibéis.

*An Todhchaí.* Cé go bhfuil beagán éiginnteachta ag baint leis an tionscal faoi láthair creidim go dtiocfaidh fás breise ar thionscal na mbradán sa cheantar agus go dtiocfaidh fás dá réir ar na gnólachtaí gaolmhara. Tá achmhainneacht fáis ag baint le Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. agus is féidir go dtógfaidh sé cúraimí níos leithne air féin ar nós bainistiú ar dhiansaothrú gliomach, ar ribe róibéis agus ar chineálacha eile éisc, rud a mhéadódh go mór ar an ioncam d'iascairí áitiúla.

Tá oiread dul chun cinn déanta sa réimse taighde agus a thabharfadh an-dóchas dom nach fada uainn an lá nuair a bheidh feirmeoireacht á déanamh anseo ar abalone, ar fheamainn de chineál asparagopsis, ar thurbaird, eileabó, agus eascainn i dtainceanna ar talamh. Ach toirt bhreise éisc a bheith ar fáil ó na feilmeacha tiocfaidh forbairt ar leibhéal na próiseála agus ar leibhéal na fostaíochta dá réir. Ar ndóigh, d'fhágfadh forbairtí mar sin riachtanas méadaithe ann le haghaidh seirbhísí iompair, taighde, trealaimh agus eile. Tá acmhainneacht mhór ann chomh maith le forbairt á dhéanamh ar shliogéisc eile atá ar fáil sna cuanta ach nach bhfuil aon obair á déanamh orthu faoi láthair.

Mar fhocal scoir is tionscal é seo ina bhfuil teicneolaíocht agus traidisiún á bpósadh le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíochta, giniúint fhostaíochta agus ardchaighdeán maireachtála a chothú sa cheantar. Is tionscal é atá ag luí le nádúr an cheantair, le hacmhainní nádúrtha an cheantair agus le mianta fostaíochta agus forbartha mhórchuid an phobail.


# An Biúró Gnó

**TREASA DUNDASS**

Coill Sáile, Cill Chiaráin
Teil ⁊ Facs: 095-33457

Próiseáil Focal • Bainistíocht
Sonraí Cuntais
Facs • Comhfhreagras • Fótachóipeáil

# CÓISIR NA NOLLAG

## *Óstán Charna, Nollaig 1997*



*Josie Ó Maoláin, Tess Uí Chualáin, Betty Uí Mhaoláin, Úna Nic an Iomaire, Bairbre McKiernan, Caitlín Uí Chualáin agus Bríd Uí Chonaola.*




*Máire B. Uí Chualáin as Muighros ag damhsa.*

# ROTHAÍOCHT




*Bhí dhá chúrsa den Tour de France in Éirinn an samhradh seo caite. Mar chuid de na himeachtaí a bhain leis an ócáid, bhí deis ag gnáth-rothaithe a bheith páirteach i rása 114 míle i mBaile Átha Cliath, i gcnoic Chill Mhantáin agus i gCill Dara. Sa bpictiúr seo tá Ciarán Ó Maoláin (ar chlé) agus a dheartháir, Mícheál, as an Aird Mhóir, ag tús an rása seo i Sráid Anraoi i mBaile Átha Cliath.*

**Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.**

Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe.
Teil: 095-33489. Facs: 095-33489

**Forbairt Sliogéisc sna cuanta idir Ceann Gólaim agus Inis Leacain**

# COMÓRADH 25ú BLIAIN
# Scoil Phobail Mhic Dara

*Grianghrafadóir: Séamas Ó Coileáin*



*An tSiúir Pius Nic Anna, Bairbre Uí Ghiolla Phádraic, Martina Uí Chuaig, Áine Máire Uí Cheannabháin agus Beartla Breathnach.*



*Grúpa tuismitheoirí, múinteoirí agus iar-scoláirí sa Halla lá an cheiliúrtha.*



**Scoláirí as Scoil Phobail Charna a bhí páirteach sa drama "Sadhbh" i gcoirm cheoil na Nollag 1997.**
*Ó chlé: Beartla Ó Cathasaigh, Seosamh Ó Cathasaigh, Lorraine Ní Chraith, Seán Pól Ó Domhnaill, Mae Ní Fhlatharta agus Niamh Ní Nídh. Bhí Rónán Mac Craith sa drama freisin ach níl sé sa bpictiúr seo.*





*Scoláirí 3ú bliana as Scoil Phobal Mhic Dara ar bharr Chnoc Dhúleitir i gcuideachta Phádraic de Búrca, Múinteoir Corpoideachais. Ó chlé: Úna Ní Cheannabháin, Sinéad Nic an Riogh, Máire M. Ní Chathasaigh, Gary Mac an Iomaire, Seán Ó Ceoinín, Seosaimh ó Malóid, Brian Ó Domhnaill, Gearóid Seoige, Darren Mac Craith, Déirdre Ní Chatháin, Áine Ní Choirbín, Liam S. Ó Laighin agus Cóilín Ó Conaola.*



*An tSiúir Pius Nic Anna agus an tSiúir Aingeal Ní Dhíomsaigh ag bronnadh píosa talún ó Shiúracha na Trócaire ar Scoil Phobail Mhic Dara, á ghlacadh ag Tomás Ó Nídh.*



*Peadar Ó Céidigh, Cathaoirleach Bhord Riaracháin na Scoile, Joe Steve Ó Neachtain a rinne an seoladh oifigiúil ar an gcomóradh, An tSiúir Pius Nic Anna, Máirtín Ó Cualáin, Maire T. Uí Chuinneagáin, Pádraic S. Ó Conghaile, An tSiúir Aingeal Ní Dhíomsaigh agus Tomás Ó Nídh.*



*Pictiúr d'aghaidh na scoile.*


# CONNEMARA WASTE.

**c/o Walsh Waste, Parkmore, Baile an Bhriota, Gaillimh**
**Teileafón.......091-773016**

*Beannachtaí na Nollag ar na custaiméaraí uilig atá againn agus go mba fearr a bheas sibh uilig bliain ó inniu.*

Dúnfaidh an oifig sin againne Déardaoin, 24 Nollaig, agus osclóidh sí aríst ar an Luan, an 4ú Eanáir, 1999.

***Socruithe do bhailiúchán bruscair faoi Nollaig agus na chéad laethanta d'Eanáir:***

| | |
|---|---|
| **Aoine, 25 Nollaig 1998:** | Ní bheidh bailiúchán ann. Baileoidh muid bruscar ar an Luan an 28ú Nollaig. |
| **Aoine, 1ú Eanáir , 1999:** | Ní bheidh bailiúchán ann. Baileoidh muid bruscar ar an Luan, an 4ú Eanáir, 1999. |

**Baileofar bruscar, mar is gnáth, Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin agus Déardaoin.**

Súil chun cinn

**Ní bhaileofar bruscar Lá Fhéil' Pádraig seo chugainn ach baileofar bruscar ar an Luan, 15ú Márta.**

# 1998 - ag tosnú agus ag críochnú



**Rang na hArdteistiméireachta i bPobalscoil Charna - Samhradh, 1998.**

*An líne tosaigh (ó chlé): Beartla Ó Cathasaigh, David Platt, Marcas Ó Cathasaigh, Ann Marie Spillane, Michelle Ní Fhlatharta, Lorraine Nic Craith, Eoghan Ó hÉilí, Mac Dara Mac Fhlannchadha, Séamas Ó Conaire, Éamon Ó Cualáin.*

*An dara líne (ó chlé): Áine Ní Thuathail, Bríd Ní Loideáin, Seán Ó Domhnaill, Niamh Ní Nídh, Fiona Ní Loideáin, Nóirín Joan Ní Chonghaile, Bríd Treasa Bairéad, Róisín Ní Ghaora, Úna Ní Chualáin, Linda Ní Loideáin, Bríd Ní Chualáin, Deasún Mac Donnchadha.*

*An tríú líne (ó chlé): Gearóid Ó Dubháin, Máire Martha Ní Chathasaigh, Séamas Ó Catháin, Dymphna Nic Craith, Máire Bhreathnach, Bríd Ní Chathasaigh, Máire Ní Chualáin, Colm Mac Donnchadha, May Ní Fhlatharta, Caoimhín Ó Fátharta, Bairbre Ní Chathasaigh.*

*Líne cúil (ó chlé): Pamela Ní Dhunaird, Stiofán Ó Cualáin, Nóra Ní Ghaora, Liam Ó Coirbín, Bláithín De Paor, Caoimhín Seoige, Bairbre Ní Bhriain, Máirtín Mac an Iomaire, Lisa Ní Dhubháin, Mícheál Ó Ceoinín, Nóra Ní Neachtain, Valerie Ní Chaodhna agus Séamas Ó Méalóid.*

# Gaelic Seafoods Ireland

PRODUCERS OF THE FINEST
ATLANTIC SALMON

IONAID OIBRE
Leitir Ard, san Aird, ar an Sraith Salach, i Leitir Mealláin agus i Tully Mountain

Ag tacú leis an gceantar agus ag seasamh leis an gceantar

*Comhghairdeachas leis an gcoiste*
*agus guímid gach deá-rath ar a gcuid oibre*

# Scoil Nua san Aird Mhóir

In 1872 a tógadh Scoil na hAirde Móire, tá sí 126 bliain i mbliana. Sí an scoil is sine sa bparóiste í. Tá 75 gasúr sa scoil faoi láthair agus triúr múinteoirí.

Tá an scoil ar liosta an INTO de scoileanna atá faoi bhun an chaighdeáin, le dhá bhliain anuas. Tá iarratas oifigiúil ag iarraidh scoil nua curtha ag an Roinn Oideachais agus tá súil le freagra dearfach uathu go gairid. Tá suíomh feiliúnach ar fáil agus tá coiste na scoile i dteagbháil leis an úinéara chun an suíomh a cheannacht.

Ar dóigh tá airgead i gceist chun an suíomh a cheannacht agus an scoil a thógáil. Tá coiste bailiúchán airgid curtha le chéile le cúpla seachtain anuas, tá cheithre dhuine dhéag ar an gcoiste, agus tá go leor imeachtaí pleanáilte acu.

Ceann de na himeachtaí is mó ná RAIFIL mór le £1,000 mar an phríomh-dhuais, agus go leor duaiseanna eile. Beidh na ticéid £10 an ceann. Déanfar an tarraingt ar an RAIFIL Lá Fheil' Ciarán 1999.

Tá obair mhór amach roimh an gcoiste seo. Go n-éirí go geal leo.

AR NA ROLLAÍ SAN AIRD MHÓIR

ó 1896 go 1998

| | |
|---|---|
| 1896 | 63 |
| 1906 | 94 |
| 1916 | 93 |
| 1926 | 91 |
| 1936 | 78 |
| 1946 | 78 |
| 1956 | 62 |
| 1966 | 79 |
| 1976 | 79 |
| 1986 | 35 |
| 1996 | 83 |
| 1997 | 78 |
| 1998 | 75 |


# Tigh Dan O Hara

LEITIRSEATH, AN CLOCHÁN, CONAMARA

Teileafón: 095-21246/21808
Facs: 095-21246

IONAD OIDHREACHTA AGUS STAIRE CHONAMARA

1992 - Duais Náisiúnta - Small Farm Enterprise Award.
1994 - Duais Náisiúnta - A.I.B. Agri-Tourism Award
1998 - Duais Náisiúnta - A.I.B. Agri-Tourism Award

Feilm mar a bhí in 1845 *Crannóg *Dolmán *Leac Uaigh 5,000 bliain d'aois *Seomra Staire * seandeiseanna oibre *seomra scannáin i nGaeilge, Béarla, Fraincis agus Gearmánais.

Siopa Ceardaíochta agus seomra tae - suíocháin do 60 duine. Ar oscailt ón 1ú Aibreán - 30 Deireadh Fómhair. Is féidir freisin an áit a oscailt amanna eile ach socrú a dhéanamh le Nóra nó le Máirtín Breathnach, na húinéirí.

**Tá fáil freisin ar Leaba agus Bricfeasta**
AITHEANTAS Ó BHORD FÁILTE AGUS AN IRISH FARMHOUSE ASSOC.

Tithe le ligean freisin agus iad aitheanta ag Bord Fáilte.

**Teileafón: 095-21246 nó 095-21808**
**Facs: 095-22098**




Ag ócáid i gCiarraí
*Evelyn Uí Mhaoláin, Stiofán Ó Cualáin (Údarás na Gaeltachta), daoine eile agus an Taoiseach.*


# Dr. Micheál Ó Cathasaigh

Carna

| | | |
|---|---|---|
| IONAD SLÁINTE CHÁRNA: | 10.00 a.m. - 1.00p.m. | Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine |
| IONAD SLÁINTE CHILL CHIARÁIN: | 10.00 a.m. - 1.00 p.m.<br>3.00 p.m. - 6.00 p.m. | Dé Luain<br>Déardaoin |
| IONAD SLÁINTE AN CHAISIL: | 3.30 p.m. - 4.30 p.m. | Dé Céadaoin |

*Glacfaidh sé le daoine de réir socruithe roimh ré*
*ón 3-6 a chlog i gCarna ar an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin agus ar an Aoine*

**Uimhreacha Teileafóin**

Ionad Sláinte Charna/Baile: (095) 32281/32243/32304/32305
Cill Chiaráin: (095) 33429
An Caiseal: (095) 31161

**SEIRBHÍSÍ**

Comhairle Leighis • Cuairteanna baile • Géar-thástáil ar an gcroí • Scamhóga • fuil •
Mion-obráidí • Pleanáil chlainne • Tástáil "Allergy" • Seirbhís cógaisí leighis •
Instealladh do ghasúir agus do dhaoine a bheadh ag taisteal agus seirbhísí eile.

# "A Phobal Dé"......................

**(Scríobh *Éamon Ó Conghaile* - Eddie Bheartla - píosa dúinn san Irisleabhar, Iorras Aithneach '94. Sin í an bhliain ar shocraigh Eddie go rachfadh sé i mbun staidéir sagartóireachta i Maigh Nuad. Athrú mór a bhí ann ón iascaireacht agus ón Aird Thiar. Oirníodh Eddie Bheartla ina shagart i mí Iúil na bliana seo. Tá sé ina shéiplíneach i dTír an Fhia anois. Scríobh an tAthair Éamon Ó Conghaile píosa eile dúinn i mbliana faoina shaol mar shagart).**

Tír an Fhia
Leitir Móir

A chairde,

Mar fhreagra ar an gceist a chuir sibh orm mar gheall ar an athrú saoil atá tarlaithe dhom tá fonn agus faitíos orm an cheist a fhreagairt. I dtús báire tá sé deacair an freagra a chur i bhfocla beaga. Is dócha dá mbeadh an t-am a'm go líonfadh sé leabhar mór agus i ndeiredh na dála gurb éard a bheinn a chruthú go bhfuil a dtarlaíonn do dhuine ar an saol seo "i ndán dó" ó bhreith go bás, agus go háithrid an dá ní sin.

Maidir le mo shaol fhéin, an chuid ba mhó dhe ba saol tuataí le beagan spioradáltachta a bhí mé a chaitheamh, cé go raibh an chuid de a chaith mé ar an bhfarraige ag neartú na spioradáltachta ionam agus bhí lámh chineálta Chríost le feiceál go heasca oíche agus lá. Bhí cothú na spioradáltachta le fáil go fairsing ó mo mhuintir fhéin, ó na comharsannaí, ó na hiascairí agus ó shean-bhunadh na ndaoine, go háithrid na seanchaithe, mar bhí an spioradáltacht Cheilteach go smior iontab.

San aimsir a caitheadh bhí mé saolta gan a bheith ró-shaolta agus gan mórán ama á thabhairt don spioradáltacht ach amháin ar an Domhnach agus laethanta saoire. Sé an t-athrú mór atá imo bhealach anois go bhfuil mé ag maireachtáil sa saol spioradálta chuile lá agus nach bhfuil mé saolta a bheag ná mhór níos mó. Feicim anois chomh díceillí is a bhí mé, go minic ag dul i gcontúirt mo bháite, mar gheall ar bheagán, droch-oícheantaí ar farraige agus a liachtaí duine a raibh punt ag teastáil uathu ach bhí á chodladh go sásta dhóibh fhéin ar a leaba, agus thug Dia a ndóthain dóibh.

Tá mé níos crúógaí anois ná bhí mé ariamh cheana ach ní don cholainn é feasta ach don anam agus tá sásamh níos fearr le fáil as sin. Thairis sin airíonn duine fallaing de ghrásta Dé ina thimpeall á chosaint is á chumhdach sa saol nua seo i gcónaí, cé nach raibh sé sin le n-aireachtáil ach go hannamh sa saol tuatach a caitheadh.


Ach bhí sé ráite gur "ina dhiaidh sea is feictear a leas don Éireannach".

**Éamonn Ó Conghaile, S.C.**




*Ansin thall - an tAthair Éamon Ó Conghaile thréis dó a chéad Aifreann i bpobal Charna a cheiliúradh ar Oileán Mhic Dara, ar Lá'l Mhic Dara i mí Iúil, 1998. Bhí Ambasadóir Mheiriceá, Jean Kennedy Smith, ar an oileán don ócáid agus tá sí in éineacht leis an Athair Éamon sa bpictiúr seo.*

# Thall agus Abhus



**Méara Dorchester**

*Seo é Pat Walsh as Caladh bhFuínnse, a bhuaigh Comórtas Mhéara Dorchester i mBoston i mbliana. Chruinnigh Pat dhá scór míle dollar ar mhaithe le imeachtaí carthannachta sa gceantar.*



*Ó chlé: Caitlín Ní Chonghaile as Leitir Péic, An Spidéal, Conor Ó Riordan, Príomh-Chonsal na hÉireann i mBoston san am sin agus Déirdre Ní Loideáin as Muighrois. Bhí Déirdre agus Caitlín ag obair sa gConsal i mBoston ag an am.*

# CLUB SHOTOKAN KARATE CHILL CHIARÁIN

*Míniú ó Mháirtín Ó Súilleabháin*

Tá suas agus anuas le tríocha cúig ógánach ag freastal ar an rang shotokan karate atá ar siúl gach deireadh seachtaine san Ionad Pobail. Tá meascán de bhuachaillí agus de chailíní, ó shé bliana go trí bliana fichead, ann.

Déanann an traenáil forbairt ar an intinn chomh maith leis an gcorp. Múineann sé disciplín agus cothaíonn sé féinmhuinín. Is féidir le gach aois páirt a ghlacadh sa spóirt. Níl aon chall a bheith láidir ná aclaí le tosnú. Tagann an aclaíocht de réir a chéile. Is iontach an caitheamh aimsire é agus tugann sé rud eicínt le déanamh gach deireadh seachtaine. Bíonn rang ann Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh ón cúig a chlog go dtí an seacht. Tá fáilte i gcónaí roimh bhaill nua sa gcumann.

Bíonn culaith bhán ar na baill agus caitheann siad beilt bhán ar dtús. Déantar gach duine a ghrádú chuile thrí mhí. Má phasálann duine bíonn beilt nua ar dhath eile le fáil. Siad na dathanna atá ann bán, oráiste, dearg, buí, glas, 1ú corcra, 2ú corcra, 1ú donn, 2ú donn, 3ú donn agus dubh. Is cosúil le dréimire é; tosóidh tú ar an runga is ísle agus ar aghaidh leat suas. Sí an bheilt dhubh an sprioc.

Bhí lá oscailte ag an gcumann i mí Feabhra seo caite. Bhí muintir agus cairde na mbaill i láthair. Bhí an-lá ann. Na baill ag traenáil ar feadh timpeall uair go leith an chloig agus ansin bhí sóláistí ar fáil. Neart le n-ithe agus le n-ól.

Ar ndóigh tá an club fíor-bhuíoch den traenálaí, Máirtín Ó Súilleabháin, a thagann as na Forbacha faoi dhó chuile sheachtain. Tá buíochas tuillte aige mar gheall ar an gclub a chur ar bun anseo. Sárthraenálaí é agus tá na baill ag dul chun cinn go maith faoina chúram.

*Seán Mac Donncha*
*Cumann Shotokan Karate Chill Chiaráin*



Uaireanta fada

*I mbun oiliúna i gCumann Karate Chill Chiaráin.*

# STÍL SHOTOKAN KARATE

Creidim go raibh sé i ndiaidh 1372 sula dtáining an karate sa saol. I 1915 thug Gichin Funakoshi stíl shotokan karate go dtí an tSeapáin. Ollamh a bhí ann i gColáiste Múinteoirí Okinawa. Tháinig sé go dtí an tSeapáin le haghaidh taispeántas amháin karate a dhéanamh ach d'éirigh chomh maith sin leis gur fhan sé ann an chuid eile dá shaol.


Thosaigh sé shotokan karate i Tokyo sa mbliain 1936. Lean sé seo ar aghaidh go dtí gur socraíodh suas go hoifigiúil i 1955 Caidreamh Karate na Seapáine (J.K.A.).

Bhí an traenáil fíor-chrua ar dtús sa gcaidreamh. Ach dá bharr sin tháinig an - stiúrthóirí amach as. Thosaigh siad ag múinteoireacht sna hollscoileanna sa tSeapáin. Chuaigh stiúrthóirí ar fud an domhain. Tháinig na chéad stiúrthóirí go Sasana thart ar 1961-62. Thug siad leo an shotokan karate.



**An Máistir**

*Máirtín Ó Suilleabháin as Loch Con Aortha, fear a bhfuil máistreacht aige ar chúrsaí Karate. Sé a bhunaigh an Cumann Karate i gCill Chiaráin agus tá sé ag cur oiliúna ar na daoine óga anois.*



**Teaghlach aclaí**

*Ó chlé - Seán Ó Súilleabháin, Dónall Ó Suilleabháin agus Máirtín Ó Súilleabháin.*

Sé Kenneth Funakoshi atá os cionn ár gcaidreamh. Is col deichniúr é do Gichin Funakoshi. Tá sé ina chónaí i Meiriceá. Tagann sé go hÉirinn trí nó cheithre huaire sa mbliain.

Teach nó halla **shoto** an míniú atá ar **shotokan** - **shoto** an t-ainm cleite a bhí ar Gichin Funakoshi. Nuair a théann tú isteach sa halla **(dojo)** cromann **(rei)** tú do chloigeann agus nuair a fhágann tú an halla cromann tú do chloigeann..

Tá sé fíor-ghéar ar smacht. Bíonn ort scrúdú a dhéanamh le haghaidh a dhul ó ghrád go grád. Tá naoi ngrád ann. Ba cheart duit traenáil faoi dhó ar a laghad sa halla agus traenáil sa mbaile freisin. Bíonn trí mhí ar a laghad idir gach grád. Seo é an míniú atá ar na focail seo a leanas;

**Karate** — lámh fholamh.

**Karate ni sente nashi**
Níl aon chead ionsaí i Karate.

# Saol agus Saothar

*Máirtín Ó Súilleabháin*

Rugadh agus tógadh i Loch Con Aortha mé. Chuaigh mé ar scoil ann. Ba é John Phaitín Johney m'athair. Ba í Mamie Mháirtín Pháid mo mháthair, go ndéana Dia grásta orthu.

Bhí an-chion agam ar chuile chineál spóirt. D'imir mé ar fhoireann peile Charna. Chuaigh mé ar thriail leo le haghaidh a dhul ag imirt le foireann peile na Gaillimhe.


Sna seascaidí chuaigh mé go Sasana. Bhíodh mé ag dornálaíocht tamall. Phós mé Úna Ní Mhaoilchiaráin (iníon Mháire Cheoinín). Tá seisear clainne againn.

Rith mé agus shiúil mé. Ghlac mé páirt i roinnt maratán. Bhí sé 1976 sular thosaigh mé ag cleachtadh ealaín mhíleata **(martial art)** Bhí an-dúil agam ann. D'fhoghlaim mé go leor leor faoi Karate.

Sa mbliain 1986 tháinig muid go hÉirinn agus chuir muid fúinn sna Forbacha. Thosaigh mé as an nua arís agus chuaigh mé fhéin agus mo thriúr clainne ag traenáil le Cumann Shotokan Karate i nGaillimh. Thit mé i ngrá le Karate. Thraenáil mé go crua agus bhain mé amach an crios dubh.

Bhí mo stiúrthóir, Cóilín Breathnach, agus mo scrúdaitheoir, Seán Mac Cormaic, seasta síoraí ag iarraidh orm mo chumann fhéin a oscailt suas. Meán Fómhair 1996 d'oscail mé cumann karate san Ionad Pobail i gCill Chiaráin. I 1997 bhronn cumann shotokan karate na Gaillimhe sciath orm i gcuimhneamh Pháraic O'Boyle. Eanáir 1998 chuaigh mé i mbun chumann karate na bhForbacha. Tá an dá chumann ar siúl agam Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh.

Ba mhaith liom daoine os cionn an dá scór a fheiceál ag teacht ag na cumainn. Tá karate le haghaidh sean agus óg. Tá sé sláintiúil le haghaidh do cholainne agus d'intinne.



**Ag fanacht leis na horduithe**

*Ó chlé - Seán Ó Súilleabháin, Máire Ní Mhaoláin, Seán Mac Donnchadha, Caitlín Nic Dhonnchadha, Sarah Ní Mhaoláin, Olivia Nic Dhonnchadha agus Déirdre Nic Dhonnchadha.*



**Cumann Chill Chiaráin**

*Pictiúr de Chumann Karate Chill Chiaráin a tógadh anuraidh agus a gcuid beilteanna á gcaitheamh acu.*



*Ó chlé: Máirtín Ó Súilleabháin, Seán Mac Donncha agus Sarah Ní Mhaoláin.*

# An Craobh ag Gaillimh – agus an Corn i gCarna

Ní dhéanfar dearmad go brách ar an áthas a bhí ar mhuintir na Gaillimhe agus ar mhuintir Chonamara ar an ochtú lá fichead de Mheán Fómhair nuair a bhuaigh peileadóirí an chontae Craobh na hÉireann. Níor tugadh an Chraobh thar Sionnainn anoir cheana le dhá bhliain déag agus fiche roimhe sin. B'uafásach fada an tréimhse a bhí ann i gceann de mhór-chontaetha na peile san aimsir a caitheadh.

Ócáid ar leith é buachan Chraobh Peile na hÉireann. Tugann sé óg agus sean le chéile, chomh maith leis an dream atá sa mbaile agus i gcéin. Dúirt duine de mhór-pheileadóirí na Gaillimhe, Bosco Mac Diarmada, tráth go raibh ort a dhul siar go Conamara sula bhfeicfeá fíor-lucht leanta na Gaillimhe. Bhí a gcroíthe níos doimhne ann ná in aon áit eile, a dúirt sé. Bhí roinnt peileadóirí cumasacha as Conamara ar fhoirne na Gaillimhe san aimsir a caitheadh, Hugo Carey as Carna ar dhuine acu. Bhuaigh seisean bonn Chraobh na hÉireann le Gaillimh i 1934. Ach ba as taobh thoir de Ghaillimh formhór na n-imreoirí san aimsir a caitheadh. Ina dhiaidh sin féin thug muintir an taobh seo tíre tacaíocht dhílis dóibh i gcónaí. Ach an iarraidh seo bhí cúrsaí athraithe. Bhí aon nduine dhéag as taobh thiar den Choirib ar an bpainéal deich bhfeara fichead a bhí ag Gaillimh i mbliana. Bhí cúigear as Conamara ar an bpáirc i bPáirc an Chrócaigh nuair a chríochnaigh an cluiche ceannais. Bhí Mícheál Ó Clochartaigh as Carna ar dhuine den phainéal a bhí ag Gaillimh. Chomh maith leis sin, is as an Aird Thiar Maitias Mac Donnchadha, athair Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Seosamh Mac Donnchadha. Sé Seosamh a bhronn Corn Mhic Uidhir ar chaiptín na Gaillimhe, Ray Ó Síoda.

Guíonn muid dea-rath i gcúrsaí peile agus sa saol mór ar fhir óga Chonamara agus na Gaillimhe a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann ar an ochtú lá fichead de Mheán Fómhair 1998.

Cuireadh fáilte mhór roimh bhaill na foirne i mbaile Charna agus sa gceantar uilig san oíche Dé Luain, an cúigiú lá de Dheireadh Fómhair. Tháinig an laoch as an Dún Mór, Michael Donnellan, go dtí na scoileanna i gCarna i mí na Samhna.

Tá leathanaigh pictiúr againn anseo den cheiliúradh in Iorras Aithneach.

Ó Dubhda, Tógálaí

Carna, Conamara

Fón/fax : 095-32247
095-32882

Cártaí Mháirín

Siopa Dowd, Statoil

# Craobh na hÉireann...



**Muintir Chlochartaigh**

*Ó chlé: Pádraig Ó Clochartaigh, Micheál Ó Clochartaigh, Michael Donnellan agus Máire Uí Chlochartaigh.*



*An tSiúir Angela Ní Dhíomasaigh as an gClochar in éineacht le Mícheál Ó Clochartaigh (ar chlé) agus Michael Donnellan.*



*Stephanie Ní Dhubhda ar chlé agus Sarah Ní Mhaoláin ar dheis....agus i lár báire "Laoch an Chluiche Ceannais", Michael Donnellan.*



**Fáilte abhaile a Sam**

*Cuid den slua amach ar aghaidh an stáitse ar shráid Óstán Chuan Charna ag cur fáilte roimh fhoireann na Gaillimhe. Seán Ó Cualáin ó Chumann Charna/an Chaisil ag an micreafón.*




**I Scoil Náisiúnta Muire**

*Ócáid speisialta do na cailíní seo. Ó chlé - Martina Ní Chuaig, Edel Ní Dhubhda agus Eileanóir Ní Chatháin.*




**Ag an bhFáiltiú ag an Óstán**

*Ó chlé - Máire Uí Choirbín as Carna; Nóra Uí Chualáin as Carna, Máire Uí Chualáin as Muighros agus a páiste Martina feistithe amach sa marún agus bán.*

# ... Craobh don phobal uilig





**An Marún i New Orleans**
*Danny Ó Flatharta agus geansaí marún taobh amuigh dá theach ósta i New Orleans.*



**Príomhoide agus Peileadóir**
*Máire Ní Uaithnin, an Príomhoide i Scoil Mhuire, Carna agus Michael Donnellan.*




**Croch suas é!**
*Caitríona Ní Mhaoilchiaráin as Leitir Ard ag crochadh Chorn Mhic Uidhir go ríméadach os cionn a cloiginn i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna.*





**"Maroon and White Forever"**
*Na focla i gceann d'amhráin na Sawdoctors. Bhí croí agus anam Chríostóir Mhic an Iomaire i bpeil na Gaillimhe nuair a bhí sé ar an saol seo. Chuir duine eicint an ribín marún agus bán seo ar an leac chuimhneacháin i reilig Mhuigh Inse nuair a bhuaigh Gaillimh Craobh na hÉireann i mí Mheán Fómhair, 1998.*



**Cailíní Charna agus Michael Donnellan**
*Ó chlé: Wilma Bolger, Deirdre Ní Chatháin, Mary Beth Ní Mhaoláin.*



**Ar an stáitse i gCarna**
*Peileadóirí na Gaillimhe, ó chlé: Seán De Paor (An Cheathrú Rua), Kevin Terry Mac Donncha (An Cheathrú Rua), Seán Ó Domhnaill (An Cheathrú Rua), Mícheál Ó Clochartaigh (Carna/An Caiseal), Gary Ó Fáthaigh (Cill Ainnín).*



**Maith an buachaill**
*Mícheál Ó Clochartaigh, ball de phainéal peile na Gaillimhe, agus é ag 'speáint Chorn Mhic Uidhir dá shean-athair, Mícheál Ó Clochartaigh as Bun na hAbhann.*

# muinteoras

**togra oideachais gaeltachta**

Leitir Móir, Gaillimh. Fón: 091-551145/551155/551300. Facs: 551277
e-mail:
muint.ias@tinet.ie
snanfheachtais.ias@tinet.ie

*Le tacaíocht ó*

Údarás na Gaeltachta

Coimisiún na gComhphobal Eorpach

An Roinn Oideachais

An Crannchur Náisiúnta

**Ar Son Óige na Gaeltachta**

*Ag obair i gCorca Dhuibhne,*
*i gConamara, i Maigh Eo,*
*i dTír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta*

# SEAIMPÍN NA SINSEAR I MASSACHUSSETTS


As Aill na Brún ó dhúchas í Margaret Mulkerrin - Keogh... Margaret Mharcais Mhorgain. Tá cáil mhór bainte amach aici mar choisí i Roinn na Sinsear i Meiriceá. Sí a bhuaigh Craobh na mBan sa 1,500 méadar agus sa 5,000 méadar i Massachussetts agus bhí sí pairteach sna comórtais náisiúnta i Tucson, Arizona. Labhair *Alma Clancy le Margaret Mulkerrin - Keogh* faoina saol agus faoina cuid lúthchleasaíochta.

Tá clú agus cáil bainte amach ag muintir Chonamara i gcúrsaí spóirt thart timpeall na cruinne ach an bhfuil a fhios agaibh go bhfuil seaimpín ina cónaí inár measc anseo i gceantar Iorras Aithneach?

Sin í Margaret Keogh — iníon Mharcais Mhorgain (agus Mhaggie) as Aill na Brún. Chaith Margaret os cionn tríocha bliain ina cónaí thar lear agus, ar nós go leor eile, d'fhill sí ar Éirinn cupla bliain ó shin le teach a thógáil san áit ar fhás sí suas.

Clann mhór a bhí i muintir Uí Mhaoilchiaráin agus nuair a bhí cheithre bliana déag caite ag Margaret d'fhág sí an tír seo lena beatha a shaothrú. Tar éis seal i Sasana chuir sí a súil ar Bhoston, Mass. Chuir sí fúithi ann lena fear céile agus thóg siad a gclann ann. Chuaigh Margaret isteach i gcumann áitiúil aclaíochta — cumann le haghaidh **power walking.** Is ann a thug teagascóir faoi deara go raibh cumas nádúrtha inti agus moladh di **"race-walking"** a thriáil. Rinne sí sin. Is ar chosán **(track)** a ritear na rásaí seo go hiondúil ach d'fhéadfá é a dhéanamh ar an mbóthar freisin. I 1908 a tugadh aitheantas don spóirt seo sna Cluichí Oilimpeacha. Fuair Margaret an ceathrú háit sna Classic Olympics i Tucson, Arizona i mí an Aibreáin 1997. Ghlac sí páirt i dhá rása - 1,500 méadar agus 5,000 méadar. Bhí na reathaithe uilig os cionn 50 bliain d'aois. Bhí an teocht 110°F. Ní raibh teagasóir **(coach)** ar bith aici ach bhí, ar ndóigh, ag an nGearmánach a bhuaigh an rása agus ag an mbeirt eile — duine as Kentucky agus duine eile as an Midwest.

Caithfidh tú a bheith cáilithe i dtosach i do stát nó i do thír féin. Bhuaigh Margaret an bonn óir i Springfield, Mass i dhá rása i 1995/1996 — 1,500 agus 5,000 méadar. Fuair sí an tríú háit sna cluichí náisiúnta. Ar aghaidh léi ansin go hArizona. Sa rása ceannais ní raibh ach cupla soicind idir na buaiteoirí. Ritheann Margaret an 1,500 i seacht nóiméad go leith agus an 5,000 i 27 nóiméad. Bíonn suas le deichniúr moltóirí ar na comórtais seo agus níos mo ná sin sna cinn náisiúnta. Tá dhá riail thábhachtacha ann:




**Seaimpín**

*Margaret Mulkerrin - Keogh ag cúl a tí i Massachussetts agus ceann de na boinn chraoibhe a bhuaigh sí á chaitheamh aici.*




**Cairde sa State House:.....**

*An Feisire Parlaiminte i Stát Mhassachussets Marty Walsh agus Margaret Mulkerrin-Keogh.*

1. "Race walking is a progression of steps so taken that the walker makes contact with the ground so that no visible (to the human eye) loss of contact occurs. This means that before you lift your rear foot off the ground the leading foot must make contact with the ground. The requirement of maintaining constant contact with the ground reduces pounding on body and helps prevent injuries;

2. "The advancing leg must be straightened (i.e. not bent at the knee) from the moment of first contact with the ground until in the vertical position. It must stay straight until it passes under the body. Then you will have to bend it to swing it forward. Hips propel you forward. The ideal arm swing is for your hand to travel from a couple of inches behind your hip to the chest line.

Bíonn trí sheans agat ó thaobh na rialacha a bhriseadh. Fuair Margaret dhá **warning** uair amháin. Dúirt sí dá siúlfadh sí ar an gcaoi seo ar bhóithre Aill na Brún go gcuirfí faoi ghlas í!

COMMONWEALTH OF MASSACHUSETTS
MASSACHUSETTS SENATE
STATE HOUSE BOSTON 02133-1053

SENATOR W. PAUL WHITE
SUFFOLK AND NORFOLK DISTRICT
ROOM 109D
TEL (617) 722-1643

COMMITTEES
BANKS AND BANKING (CHAIRMAN)
CRIMINAL JUSTICE
HUMAN SERVICES AND ELDERLY AFFAIRS
WAYS AND MEANS

April 29, 1997

Ms. Margaret Keogh
80 Crestview Road
Milton, MA 02186

Dear Ms. Keogh:

Congratulations on your successful First Place win in both the 1500 meter and the 5000 meter race at the recent Massachusetts Senior Games.

I am sorry that I missed you at the reception held here at the State House earlier today. Unfortunately, it was necessary for me to leave before the end of the program as I was obliged, as Senate Chairman, to attend a previously scheduled Banking Committee public hearing. However, I was pleased to offer the enclosed Citation in the Massachusetts Senate in your honor.

Please accept my very best wishes for continued success at the National Sports Classic VI, which will be held in Tucson, Arizona next month. I know you will represent Massachusetts with honor and distinction.

With best regards, I am

Sincerely,

W. Paul White

W. PAUL WHITE
State Senator

**Litir chomhghairdeachais**

*Tugann Seanad Mhassachussetts aitheantas do Mhargaret Keogh.*

Seo liosta de na comórtais a raibh Margaret páirteach iontu

100th Boston Marathon, 15 Aibreán, 1996 (4 huaire—10 nóim). Bhí **monitors** ar na bróga sa rása seo;

Boston Athletic Club...rása bóthair....an chéad áit 1995;

US track and field championship...an chéad bhean;

Mayor's Cup....rása 10k... an chéad áit;

Travis Roy....rása bóthair....an chéad áit;

St. Brigid's Kris Kringle... an chéad áit;

Alumni Classic, St. Brigid's School...an chéad áit;

National Finals.... an tríú háit;

Olympic Classic VI....an ceathrú háit sa 1,500 méadar agus 5,000 méadar (1997).

Ina theannta sin rinne Margaret staidéar oíche i mBoston agus bhain sí amach cáilíocht mar mhúinteoir **"special needs"**. Chaith sí ocht mbliana déag ag obair leis na gasúir mí-chumasaithe agus i 1994 bronnadh an "Boston Children's Services Generations and Caring Award" ar Mhargaret agus ar Chon Keogh (as Corcaigh ó dhúchas).

Lúthchleasaí go smior í Margaret. Dúirt sí gur chuma léi céard a bhuaigh sí ach gur bhain sí an taitneamh is mó as a bheith páirteach sna rásaí seo.

Beidh na hOlympic Classics in Orlando, Florida i 1999. Tá súil ag Margaret go mbeidh sí ann.

Bhí capall, **"Alnabroone Rebel"** ag máthair Mhargaret fadó. Nuair a chuala a fear céile an scéal sin dúirt sé "tá sí ar ais arís acu".

Bhuel, cuireann muid fáilte abhaile roimpi.

Ghlac Margaret páirt i bhfógra teilifíse ... **"Living Healthy"**...i mBoston agus rinneadh clár teilifíse i dteach Mhargaret agus í ag réiteach béilithe sláintiúla.

# Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208 Fax: 095-32504

**FEILMÉIREACHT ÉISC**

*An Bradán*

**STIÚRTHÓIRÍ:**
**DARA BEAG Ó FLATHARTA, LIAM Ó FLATHARTA**

# FOINSE

PRÍOMHNUACHTÁIN NÁISIÚNTA NA NGAEL

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Teileafón: 091-595520
Facs: 091-595524
Ríomhphost: nuacht@foinse.ie

*Nuacht Náisiúnta, Idirnáisiúnta, Aniar, Aneas, Anoir, Aduaidh, Teilifís, Ceol, Leabhair, Scannáin, Spóirt*

FOINSE SA RANG... FOIRLÍONADH SPEISIALTA OIDEACHAIS

**DUITSE!**

# PLÉARÁCA CHONAMARA

In Óstán Chuan Charna a seoladh Pléaráca Chonamara i mbliana. Sé an tAisteoir, Diarmaid Mac An Adhastair, a chuir tús oifigiúil le Féile na bliana seo ag ócáid in Óstán Chuan Charna ar an 14ú Meán Fómhair. Seo pictiúr a tógadh ag an ócáid sin. Bronnadh Gradam an Phléaráca don bhliain 1998 ar Mhichael Mháire an Ghabha as an Aird Thiar as a bhfuil déanta aige do chultúr na Gaeltachta.



*Amanda Ní Loideáin as an Meall Rua (ó chlé) agus Bríd Ní Chlochartaigh as Muighinis ag oscailt an Phléaráca.*




*Ó chlé: Diarmaid Mac an Adhastair, a chuir tús leis an bhFéile; Joe Steve Ó Neachtain; Michael Mháire an Ghabha agus é ag glacadh le Gradam an Phléaráca ó Mháirín Uí Neachtain.*




*Chuir gasúir bunscoile an phobail Taispeántas ar fáil ag ócáid oscailte an Phléaráca. Sa bpictiúr seo (ó chlé): Máire Áine Ní Dhonnchadha as Carna; Risteárd Mac Donnchadha as Carna; Aisling Ní Choirbín as an Aird Thiar; Pádraig Mac Donnchadha as Carna agus Niamh Ní Choirbín as an Aird Thiar.*



*Ó chlé: Máire Jane Ní Chéitín as Ros Muc; Máire Áine Ní Chuaig, Aill na Brún agus Mairéad Ní Cheannabháin as Doire Iorrais ag ócáid oscailte an Phléaráca.*



*O chlé: Marie Ní Chathasaigh as Muighinis; Bríd Ní Chualáin as Muighinis agus Katie Bairéad as Muighinis ag an bPléaráca.*


***Rún na hAthbhliana - rud deas a thabhairt do chara leat! (nó duit féin más mian leat!)***

Scothcheol ó Gael-Linn ar CD

**FÍS**
Ceol Uí Chearbhalláin ar bhealach úr samhlaíoch le Garry Ó Briain

**BINN BLASTA**
Cnuasach de shaibhreas an cheoil agus na hamhránaíochta leis na sárcheoltóirí is cáiliúla

**MEASCRA**
Ceol binn mealltach na feadóige le Brian Hughes

*** Áit Ar Chúrsa Gaeilge Do Dhuine Fásta**
I mBaile Átha Cliath
Sa Ghaeltacht

*** Áit ar Chúrsa Gaeilge do Dhuine Óg**
Coláiste Samhraidh sa Ghaeltacht (Corcaigh, Maigh Eo, nó Dún na nGall)

Cúrsa lae samhraidh
(BÁC, Gaillimh, Corcaigh nó Eile)

*** Síntiús scoilbhlaina d'Irisí Oideachasúla**
DRÉIMIRE (Ardteist Ardleibhéal)
STAIGHRE (Teastas Sóisearach)
CÉIM (Idirbhliain ag Ardteist Gnáthleibhéal).

*Gael-linn*

*26 Cearnóg Mhuinfean Baile Átha Cliath 2*
*Teil: (01) 6767283*
*Facs: (01) 6767030.*

# Ionad Níocháin na Ceathrún Rua

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Teil / Faics: 091-595222

**Laundrette & Dry Cleaners**
**Seirbhís Níocháin 7 Deisiúcháin**

***Níochán Cairpéidí***
***Troscáin***

*Mataí Ever Fresh ar Cíos*

# ISLAND FERRIES TEO.

Cladhnach, An Cheathrú Rua 091-72273
& Plás Victoria, Gaillimh 091-61767
Facs: 091-62069

*Aran Seabird • Aran Express*

Ag seoladh as Ros a' Mhíl ar a laghad dhá uair sa ló
go hOILEÁIN ÁRANN i 40 nóiméad

*Ceangail speisialta bus idir Gaillimh agus Ros a' Mhíl*

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i: **Plás Victoria, Gaillimh**

nó ar an gcéibh i: **Ros a' Mhíl**

# AILL NA MÉARACÁN

Seosamh Ó Cuaig

*Domhnach le gairid bhí triúr againn ag cur an tsaoil trína chéile.....beirt as an Aird Mhóir, Pat Mháire Val, Máirtín Willie William agus mé féin, Josie Joe Mhic Phat Watt as Aill na Brún. Tarraingíodh an chaint ar Bhóthar Aill na Méaracán.*

"Rinneadh obair mhaith ar an £12,500 siúd a tháinig i mbliana," dúirt Máirtín.

"Rinneadh cinnte," a deirimse, "cuireadh tearra ar 1,300 coisméig ach tá 1,600 coisméig le críochnú fós; theastódh tuilleadh airgid."

"Bhfuil aon seans aon phingin eile a fháisceadh as an Roinn?" a deir Pat.

B'fhéidir go mbeadh ," a deirimse, "ach nár mhaith an beart dá mbaileofaí beagán airgid freisin ón dream atá ag baint leas as an mbóthar."

"Sin í an fhírinne," a dúirt an bheirt, "agus déanfaidh muid é; ní ligfidh muid thar an lá inniu é - gabhfaidh muid ó theach go teach tráthnóna."

Thart ar dhá scór teach atá i gceist. Shocraigh muid ar £40 an teach. Bhí sé ina oíche dhorcha nuair a tháinig an bheirt ar ais, ach bhí £750 acu ag teacht. An Domhnach dar gcionn chuaigh Pat Mháire Val amach arís agus Taimín Phat Thomáis in éineacht leis. Bhí £500 eile ag teacht abhaile acu an iarraidh seo. Ó shin leith rinne an Roinn a gcion féin, go háithrid an té atá ina Aire Stáit ansin - Éamon Eimear Éamoinn. D'fhógair sé airgead breise le caitheamh ar bhóithre portaigh roimh dheireadh na bliana. Bhí bóthar Áill na Méaracán ar an liosta - £18,000. Agus ní shin é amháin é mar tá £8,000 eile sa gciste anois freisin - an t-airgead a chuir Telecom ar fáil de bharr gur tugadh cead dóibh an crann cumarsáide a chur suas le haghaidh an teileafóin póca. Sé an diabhal é nó críochnóidh an t-airgead seo ar fad bóthar Aill na Méaracán? Má chríochnaíonn féin tá sé in am...is fada muid ag plé leis.

Bogach gránna a bhí trí bliana déag ó shin san áit a bhfuil an chuid is mó den bhóthar nua anois. Bhí scéim ag Bord na Móna ag an am le haghaidh bóithre portaigh. Fuair muid £8,000 uathu ach b'éigean dúinn féin an obair a dhéanamh. Sin é an áit a raibh an rúpáil: ag baint aitinn, á tarraingt inár ndiaidh thríd an bpuiteach, ag leagan na gcraobhacha i ngabhal a chéile agus ag súil le Dia nach dtabharfaidís uathu nuair a thiocfadh meáchan an ghainimh agus na gcloch orthu. Le tuairteáil mhór rinne muid 650 troigh de bhóthar nua. Dhéanfadh muid tuilleadh ar an gcaoi chéanna ach chuir Bord na Móna deireadh leis an scéim. B'éigean dúinn a ghabháil ag fiach aríst.

Ba í Máire Bhairbre Chéitín a bhí ina hAire Gaeltachta an uair sin. Chuaigh mé chun cainte léi lá. "Bóthar Aill na Méaracán," a Mháire a deirimse. "Go deimhin," a deir sí, agus chuir sí cor inti féin, "tá neart cainte cloiste agam faoin mbóthar sin." "Má tá anois, a Mháire," a deirimse," tá sé chomh maith dhuit an **biro** a chasadh air agus cúpla punt a scaoileadh chugainn."

Cheadaigh sí £8,000 agus tugadh do Chomhairle Contae na Gaillimhe é. 650 slat a rinne muide leis an £8,000 a fuair muid ó Bhord na Móna; 150 slat a rinne an Chomhairle Contae le £8,000 Mháire Bhairbre Chéitín! Ba é an míniú a bhí ag an gComhairle Contae féin air go raibh caighdeán a guid oibre níos airde.

Bíodh nó ná bíodh ní fiú a bheith ag argóint anois faoi....sí an obair atá le déanamh ag an gComhairle Contae faoi láthair atá tábhachtach. Achainí amháin atá againn orthu.......go gcríochnóidh siad chuile choisméig de Bhóthar Aill na Méaracán an iarraidh seo. Tá a ndóthain siúil déanta ag Pat Mháire Val, ag Máirtín Willie William agus ag Taimín Phat Thomáis. Ní theastaíonn uainn a bheith ag badráil Éamonn Eimear Éamoinn aríst ach an oiread.

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna
Díonta • Ballaí
Pluiméireacht • Pláistéireacht
Sreangú agus Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**uimhir ghutháin 095-32331 agus facs 095-32532**

"MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION"
C.I.S.
"MEMBER OF HOME BOUND"

# AN tOIREACHTAS

## - AN CHRAOBH I ROISÍN NA MAINÍOCH




*Nan Tom Taimín as Roisín na Mainíoch a bhuaigh duais mhór an Oireachtais i mbliana - Corn Uí Riada san amhránaíocht ar an sean-nós. Sa bpictiúr seo tá Ceannaire Raidió na Gaeltachta, Pól Ó Gallchóir, ag bronnadh an Choirn ar Nan ag an Oireachtas i dTrá Lí.*



*Chuaigh Caitríona Ní Cheannabháin as an Aird Thiar píosa mór sa gcomórtas í féin. Sa bpictiúr seo tá Caitríona ar chlé agus a luach saothair féin ina láimh aici. Tá Úna Uí Lachtnáin i lár báire agus tá Helen Ó Murchú as Bord na Gaeilge ar dheis.*

# TURAIS TAIGHDE

Macdara Ó Cuaig
*4ú bliain muireolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

Nach iomaí uair a chaith mé ag breathnú amach ar na trálaéirí ag bun na spéire agus oícheanta geimhridh ag iarraidh a dhéanamh amach cén sórt báid í sin a bhí ag lonradh taobh thiar den teach solais. I mbliana den chéad uair fuair mé deis dhul san áit nach mbíodh mé ach ag brionglóidí air roimhe seo - ar thrálaeir.

Fuair mé baisteadh maith den chéad iarraidh. Níor chuimhnigh mé ceart orm féin nó go raibh mé imo sheasamh ar bord an **Victory** agus fear an tsiopa ag caitheamh boscaí bia (builíní, bainne, uibheacha, feoil, glasraí agus go leor eile) chugam. Bhí díol míosa ann cinnte, dúirt mé liom féin. Is ansin a bhuail sé mé; ag dul ar an **bPorcupine,** dhá chéad míle siar, a bhí muid. Ní bheadh amharc ar thalamh ná ar thrá as agus bheadh sé deich lá ar a laghad sula dtiocfadh muid í dtír arís. Turas mór iontach dhomsa, - seachtain oibre don chriú.

Cúigear a bhí ar bord. Ba é John an **skipper** - duine de mhuintir Dhonnchú as Árainn. Lena dhearthair an bád. Bhí cócaire den scoth ann - Pat. Bhí Seán agus Réamonn Dara Beag as an Aird Mhóir ann, rud a chuidigh go mór liomsa; ní feidir duine aitheantais a bhualadh in áit strainséara!!

Siar ar thóir cloicheán **(prawns)** a bhí na hiascairí seo ag dul. Dhá uair dhéag stímeála a rinne muid nó gur shroich muid talamh na **bprawns**. Thug an **skipper** an comhartha agus is gearr go raibh an eangach ar a bealach síos - 600 méadar síos.



**An Celtic Voyager**
*An soitheach taighde atá i gceist ag Macdara Ó Cuaig san alt atá scríofa anseo aige.*

Tá ceird mhór ar an gcineál seo iascaigh. Ag tarraingt eangaí mar a bheadh mála mór ar ghrinneall na farraige, ag iarraidh a béal a choinneáil oscailte, í a choinneáil ar an nglan agus, ar ndóigh, í a líonadh le iasc. B'fhurasta a aithint nach inniu ná inné a thosaigh na hiascairí seo ar an gceird. Chúig uaire ar méan a bhíodh sí amuigh agus ansin thosófaí á tarraingt. Bhíodh chuile dhuine ag faire ar an mála agus é ag teacht ar bord. Mise ar bís níos mó ná ceachtar den chriú, féachaint a bhfeicfinn aon cheann de na "**deep sea fishes**" ar chaith mo léachtóir cuid mhaith de sheachtain ag caint orthu.

Sa láib ar nós coiníní ar ghrinneall na farraige sea chónaíonn na **prawns.** Tarraingíonn na hiascairí an eangach ar an ngrinneall. Bíonn slabhra chun cinn ar bhéal an mhála a dtugann siad an "**tickler chain**" air. Dúisíonn sé na **prawns** agus éiríonn siad as a gcuid leapacha sa láib go dtéann isteach i mbéal na heangaí. Tógtar roinnt éisc eile leis an gcinéal seo eangaí freisin, éisc a bhíonn ina gcónaí ar ghrinneall na farraige. Thóg muid an láimhíneach **(monkfish)**, an colmóir **(hake)**, langa, an scoilteán **(megrim)** agus go leor éisc bheaga nár bhfiú a thabhairt i dtír. Bíonn ort an t-iasc seo a chaitheamh thar bord. Ní chreidfeá ach an méid faoitíní beaga, - agus go leor éisc eile nár aithnigh mé, - a caitear thar bord. Ach sin í obair an iascaire: dá mbeadh ceannacht ar an iasc seo ní bheadh sé ag dul thar bord!!

** Ó scríobhadh an t-alt seo tá Macdara tar éis turas eile taighde a dhéanamh ar bord an "Ocean Harvester", bád Thomáis Uí Chonghaile as Árainn (Tomás Taimín Tom Móir as Creig a'Chéirín). Ag tógáil samplaí 50 míle siar ó Cheann Léime an Chláir a bhí sé. Ba mhaith leis a bhuíochas a chur in iúl do chriú an bháid seo freisin.*

Tar éis dúinn deich lá a chaitheamh ag síor-tharraingt na heangaí, ag treabhadh an ghrinnill, bhí an **skipper** sásta go raibh a ndóthain againn. Tarraingníodh an eangach den uair dheireanach agus thug muid ár n-aghaidh ar Ros a'Mhíl. Bhí deich lá breá caite agamsa i measc na n-iascairí seo: dinnéir bhreátha a réitigh Pat, an cócaire, ite agam: neart éisc úr, **prawns** le haghaidh an tsuipéir - ní bheadh a leithéid ag Rí!!

D'fhoghlaim mé go leor freisin, rud a chuir go mór leis na léachtaí sin ar chaith mé seachtain ag éisteacht leo. D'éirigh liom go leor samplaí de na "**deep sea fishes**" a thabhairt liom go dtí an ollscoil, áit a mbeidh duine in ann staidéar a dhéanamh orthu. Tá mé fíor-bhuíoch de chriú an **Victory** as ucht an deis seo a thabhairt dhom. Gura maith agaibh agus go gcuire Dia ádh éisc oraibh.

Tar éis an turais iontaí sin ba deacair a shárú a fháil. Ach shíl mé go raibh sé agam nuair a tháinig scéala go raibh áit faighte agam ar thuras taighde ar an **gCeltic Voyager**. Sí an **Celtic Voyager** bád nua taighde an stáit a tógadh anuraidh, bád a bhfuil na deiseanna taighde is nua-aimseartha uirthi. Turas taighde ag déanamh staidéir ar **phrawns** ar chósta thoir na tíre a bhí le bheith ann. Bhí mise le bheith uirthi mar "eolaí" ag tabhairt cúnamh do na heolaithe cáilithe. Eolaí amháin dá raibh uirthi (an **boss**) bhí sí thréis deich mbliana a chaitheamh ag an Ollscoil, rud a chuir faitíos ormsa.

Ar na taltaí a dtugtar na "**smalls**" orthu a bhí na **prawns** le tógáil an iarraidh seo - limistéar farraige idir Éire agus cósta na Breataine Bige. Gnáth-eangach a raibh sórt seaicéad de mhogal beag uirthi a bhí againn. Chinnteodh an seaicéad seo go dtógfadh muid chuile chinéal éisc, beag nó mór. Ach fairíor chuir an aimsir deireadh leis na pleanannna móra seo.

Ó tharla droch-ghealltanas aimsire a bheith tugtha shocraigh an caiptín gurbh fhearr dúinn fanacht i bPort Láirge: caladh deas foscúil agus áit leis an mbád a fheisteadh gar do na pubanna. Trí oíche a chaith muid ar bord an "óstáin" seo i bPort Láirge, agus b'fhiú óstán a bhaisteadh uirthi. Bhí na cábáin mar a bheadh seomraí in óstán, gan níos mó ná beirt in aon chábán, **thermostat** ar an **shower** agus **galley** a bhí cosúil le bialann. De bharr na droch-aimsire níorbh fhiú amháin gur fliuchadh an líon. Ach ní hé fearacht na n-iascairí é, níor chaill an criú seo tada leis an bhfuireacht calaidh - bhí siadsan ar pháí lae!! Saoire deas a bhí ann dhomsa ar chósta thoir na tíre roimh dhul ar ais ag an Ollscoil dhom, ach ní raibh goir ar bith aige sin ar an **bPorcupine.**

Go gairid ina dhiaidh sin fógraíodh gur i nGaillimh a bheas an **Celtic Voyager** lonnaithe feasta. Tabharfaidh sé seo an-deis do na heolaithe an taighde atá dlite dhó a dhéanamh ar chósta thiar na tíre. 'Sé an feall nach raibh muintir na Roinne sách meabhrach le go lonnófaí i Ros a'Mhíl í. Cá bhfios nach bhfaigheadh duine deis roinnt taighde a dhéanamh ar an **bPorcupine** inti - talamh nua **prawns** a fháil b'fhéidir.....

## POBAL AR AIRE

**Tá an Coiste "Pobal ar Aire" i gceantar Iorras Aithneach ag súil go mbeidh siad in ann níos mó teileafóin éigeandála a chur ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí leo féin de bharr an deontais atá faighte acu ón Roinn Cúram Teaghlaigh agus Cúraímí Sóisialta.**

**Tá £2,250 faighte ag an gCoiste Faire Pobail.**

**Ba cheart do dhuine ar bith a dteastaíonn teileafóin éigeandála uathu a dhul chun cainte le Máire Uí Chuinneáin i Leitir Ard.**

# "Cladaí Chonamara" ar chaiséad


*Tá na leabhar a scríobh Séamas Mac an Iomaire as Muighinis., "Cladaí Chonamara", curtha ar chaiséad anois. Raidió na Gaeltachta a d'fhoilsigh an caiséad. Sé Liam Mac Con Iomaire a léigh an leabhar ina míreanna ar Raidió na Gaeltachta agus tá an caiséad bunaithe ar an gcraoladh sin. Tá leabhar Shéamas Mhic an Iomaire áirithe ar cheann de na saothair mhóra faoi chúrsaí na mara ar chósta thiar na hÉireann. Seoladh an caiséad ag ócáid in Óstán Chuan Charna i mbliana. Seo cúpla pictiúr a tógadh ag an ócáid sin.*



*Ó chlé: Tomás Mac Con Iomaire, Leas-cheannaire i Radió na Gaeltachta; an tOllamh Pádraig Ó Céidigh, Ollamh le Bitheolaíocht in Ollscoil na Gaillimhe; Liam Mac Con Iomaire atá ag léamh an leabhair "Cladaí Chonamara" ar an gcaiséad; Pól Ó Gallchóir, Ceannaire, Raidió na Gaeltachta; Seosamh Ó Braonáin, Bainisteoir na Seirbhísí Craolacháin i Raidió na Gaeltachta.*



*Ó chlé: Marion Ní Shúilleabháin as an gCeathrú Rua, ball d'fhoireann Raidió na Gaeltachta; Máire Ní Fhéinidh as Leitir Deiscirt agus Nóirín Ní Chonghaile as an gCeathrú Rua, atá i gceannas ar Chartlann téipeanna Raidió na Gaeltachta ag ócáid seolta chaiséad "Chladaí Chonamara" i gCarna.*



*An tOllamh Pádraig Ó Céidigh ag labhairt ag an ócáid san Óstán.*

# TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA I gCILL CHIARÁIN

**Tá caint mhór ar an aimsir seo ar an turasóireacht chultúrtha. Ní rud nua ar bith i gCill Chiaráin í. Seo cuntas ar chúrsa speisialta a bhíodh ann i ndeireadh na seascaidí agus i dtús na seachtóidí —as béal an té a bhunaigh é, an tAthair Tomás Mac Aoidh. I gCill Chiaráin a rugadh agus a tógadh é fhéin, ar ndóigh. Ag sagartóireacht in Eachroim an Áir, in oirthear na Gaillimhe, a bhí sé nuair a rinne Pádraig Ó Catháin an t-agallamh leis. Craoladh é ar Raidió na Gaeltachta ar an ochtú lá déag de Dheireadh Fómhair 1975.**

Ó CATHÁIN: Cén t-achar ó d'fhág tú fhéin an áit thiar?

MAC AOIDH: Bhuel, d'fhág mé an áit thiar is dóichí i dtosach nuair a chuaigh mé ar scoil, tuairim is, mar deir siad thiar, **nineteen twenty seven**....míle naoi gcéad fiche seacht. D'fhág mé an áit agus chuaigh mé ar scoil agus bhí muid ag goil soir ar scoil agus ag teacht anoir abhaile aríst ar shaoire go dtí, is dóichí, nuair a chuaigh mé go Maigh Nuad, míle naoi gcéad tríocha trí. D'imigh mo mhuintir as Cill Chiaráin tuairim is tríocha sé nó mar sin. Agus ansin ní bhínn....níl aon bhaint againn leis an áit ach a ghoil siar ann aríst ar leathanta saoire ó bhliain go chéile.

Ó CATHÁIN: Bhíodh cúrsa eicínt thiar ann nach mbíodh, i gCill Chiaráin?

MAC AOIDH: Bhíodh.

Ó CATHÁIN: Cén cúrsa é sin?

MAC AOIDH: Bhuel, thóg mé imo chloigeann é go ndéanfainn, b'fhéidir, leas na háite thiar agus go ndéanfainn leas na Gaeilge agus, b'fhéidir, leas na múinteoirí, agus thóg mé imo chloigeann é go gcuirfinn Scoil Litríochta ar siúl do mhúinteoirí meanscoile. Agus tháinig foireann Mhaigh Nuad, foireann na Gaeilge ann, ag cuidiú liom agus rinne muid cúrsa samhraidh ann. Bhí muid coicís ann an chéad bhliain. Lean sé ar siúl deich mbliana nó mar sin...sluaite ag tíocht ann faoi Lúnasa....an chéad choicís de Lúnasa. Dhéanadh muid cúrsa filíochta agus litríochta agus chuile shórt a bhain le Ardteistiméireacht na Gaeilge sna meascoltachaí.

Ó CATHÁIN: Agus ar múinteoirí a thagadh?

MAC AOIDH: Múinteoirí a mbunáite...**nuns** agus mná agus fir agus bráithre.... sagairt... bhíodh suas le....bhí blianta ann agus bhí suas le leithchéad ann ag freastal ar an gcúrsa.

Ó CATHÁIN: Agus ar cúrsa oifigiúil Roinn Oideachais a bhí ann?


MAC AOIDH: Ó ba ea..ba ea....Fuair muid cúnamh agus aitheantas agus deontas ón Roinn lena dhéanamh.

Ó CATHÁIN: Á tuigim. Ach an bhfuil sé ar siúl fós?

MAC AOIDH: Níl. Bhí mé fhéin ag plé le cúrsaí scoile an uair sin, bhí mé ag múnadh scoile anseo i nGearrbhaile ach ansin nuair a d'imigh mé amach ar an bpobal....cúram eile orm agus...

Ó CATHÁIN: An saoire níos giorra?

MAC AOIDH: An saoire níos giorra....níor bhac mé



**Father Keyes**

*An Monsignor Tomás Mac Aoidh as Cill Chiaráin.*

leis....Ar aon nós bhí....b'fhacthas dom anuraidh go raibh éileamh na scoláirí, go raibh sé gaibhte i laghad, mar déarfá , agus dúirt mé liom fhéin go dtabharfainn scíth don rud, mar déarfá, go ceann tamaill, go bhfeicfeadh muid an dtiocfadh siad ar ais aríst.

Ó CATHÁIN: Ach bhí an t-éileamh seo air go dtí sin?

MAC AOIDH: Bhí an t-éileamh air go dtí anuraidh. Bhí chúig dhuine ar fhichid anois anuraidh ann. Bhí daoine ann a rá go raibh sé sásúil. Ní raibh mé fhéin an-tsásta leis. Thosaigh muid an chéad bhliain, bhí ocht nduine ar fhichid ann, ansin bhí sé ag méadú i ndiaidh a chéile go dtí go raibh os cionn leithchéad ann agus ansin bhí sé ag teacht anuas aríst.

Ó CATHÁIN: Ach b'iontach an deis é ag múinteoirí seans a bheith acu mar seo.

MAC AOIDH: Bhuel, b'iontach, b'iontach....tháinig siad ann ó chuile cheard den tír. Tháinig siad ó Chiarraí, ó Chorcaigh, ó Thír Chonaill agus ó lár na tíre fhéin ann....tháinig siad as chuile cheard ann.

Ó CATHÁIN: Siar Cill Chiaráin.

MAC AOIDH: Siar go Cill Chiaráin. Bhídís ag fanacht sna tithe thart ar an áit agus ansin bhí halla beag ansin agus ansin a bhíodh an chaint ar siúl.

Ó CATHÁIN: Cén t-achar a bhí tú....luaigh tú ansin go raibh tú fhéin ag múnadh tamall....cé mhéad bliain a chaith tú ag múinteoireacht?

MAC AOIDH: Á bhí mé ró-fhada ag múinteoireacht....bhí mé ag múnadh scoile le deich mbliana fichead.

Ó CATHÁIN: Dia dhá réiteach....

MAC AOIDH: Chuaigh mé isteach ag múnadh scoile míle naoi gcéad ceathracha trí agus bhí mé istigh ann go dtí seachtú trí....

Ó CATHÁIN: Ar mheánscoil?

MAC AOIDH: Ar mheánscoil.

Ó CATHÁIN: Meánscoil chónaí?

MAC AOIDH: Meánscoil chónaí anseo láimh liom i mBéal Átha na Slua.

Ó CATHÁIN: Ar tharla mórán athrú i gcoinníollacha na mic léinn, mar a déarfa, san am sin?

MAC AOIDH: Bhuel...ó tharla, tháinig athrú mór ar an saol ann. An t-athrú ba mhó a tháinig ann, a déarfainn fhéin, le seacht nó ocht de bhlianta anuas. Bhí sé níba dheacra a bheith ag déileáil leob. Bhí siad....ba mhó airgead a bhí acu, bhí smaointe dá gcuid fhéin acu, bhí siad ag iarraidh a dhéanamh amach go raibh....nach raibh an áit dá stiúradh i gceart agus mar sin de....tuairimí nua-aimseartha is dóichí. Ní raibh sé sin ann fadó chor ar bith.

Ó CATHÁIN: Is dóichí nach raibh.

MAC AOIDH: Tháinig siad ann fadó agus bhí siad ag foghlaim agus beathaíodh iad agus scaoileadh ar laethanta saoire iad agus ba shin é an lá déanta.

Ó CATHÁIN: Ar beathaíodh go maith iad?

MAC AOIDH: Ó beathaíodh, bhí cáil na dea-bheatha orainn i gcónaí. Bhí, **by dad**, bhí...

Ó CATHÁIN: Níorbh é sin d'áiteacha eile, muis.

MAC AOIDH: Níorbh é...chuala mé sin. Ach níor chuala mé aon chlamhsán ariamh mórán. Fiú nuair a bhí mé fhéin imo ghasúr scoile ann fadó fuair muid neart le n-ithe ann.

Ó CATHÁIN: Mar sin é?

MAC AOIDH: Fuair.

Ó CATHÁIN: Cén chaoi ar tharla sé go dtáinig oiread sin daoine as Conamara aniar go dtí an scoil sin.

MAC AOIDH: **By dad**, sin rud nach bhfuil a fhios agam. Tháinig cuid mhaith; tháinig Mairtín Ó Flaitheartaigh ann, tháinig mé fhéin ann, tháinig leads as an Aird ann, muintir Chonaola...tháining cuid mhaith as an gClochán ann. Is dóigh liom dá dtagadh lead amháin ar scoil den tsórt sin, dá n-éireodh go maith leis, ansin bhí cineál fonn ar dhaoine iad a leanacht, a ghoil ar a lorg, mar déarfá.

Agus bhí cáil na Gaeilge riamh air, rud b'fhéidir, nach dtuigeann go leor daoine....


# IONAD OIDEACHAIS AGUS CULTÚIR OLLSCOIL NA hÉIREANN

## GAILLIMH ROISÍN NA MAINÍOCH CARNA

**Fón/facs 095-32834**
**Ríomhphost: oid@oegcarna.com**

Tathar ag obair ar chaomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge mar acmhainn luachmhar do phobal na Gaeltachta agus do phobal na Gaeilge trí sholáthar cláir oiliúna agus forbartha i réimsí ar a n-áirítear:

**Oideachas agus Oiliúint trí Ghaeilge**

***Teicneolaíocht na Fáisneise - Ríomhaireacht***

Luibheolaíocht agus Míoleolaíocht

*Cultúr agus Oidhreacht*

**Forbairt Phobail**

LEADER II

MEITHEAL FORBARTHA
NA GAELTACHTA TEO

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-593410, Faics: 091-593728
e-mail: mfggaillimh@tinet.ie

*Comhghairdeachas le Iris Iorras Aithneach*

TIGH LEAVY

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin
Conamara, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 32230

Grósaera agus Beár

*Bialann den Scoth*

# Muintir an phobail i Meiriceá

*Tá pobal an-mhór as an gceantar seo i Meiriceá. Seo pictiúir de chuid acu a tógadh ag ócáidí éagsúla i mbliana.*

## New Orleans - an Fhéile Cheilteach

Tá an Fhéile Idirnáisiúnta Cheilteach i New Orleans ar cheann de na Féilte is mó cáil i measc na nÉireannach i Meiriceá anois. Fear as an Aird Mhóir, Dónal Ó Flatharta, a chuir tús leis an bhFéile seo ocht mbliana ó shin. Tá gnó ag Dónal, agus ag a dhearthair Pádraig, i gceartlár chathair New Orleans. Ceoltóirí agus fonnadóirí iad an bheirt acu. Tugann Coiste na Féile seaimpíní rásaí curach Chonamara amach chuig an bhFéile chuile bhliain. B'iad na Bairéid as Leitir Mealláin - Dara, Pádraig agus Maitias - seaimpíní na bliana seo agus bhuaigh siad an chraobh i New Orleans freisin. Sé an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Éamon Ó Cuív, T.D. a d'oscail an Fhéile Idirnáisiúnta Cheilteach go hoifigiúil i New Orleans ar an 24ú lá de Dheireadh Fómhair i mbliana.



**Buaiteoirí an Choirn Mhóir i New Orleans**

Tá na Bairéid as Leitir Mealláin sa bpictiúr seo, théis dóibh Craobh na gCurach a bhuachaint i New Orleans.
Ó chlé - Dara Bairéad, Mícheál Ó Maoláin; Maitias Bairéad; Pádraig Bairéad; Éamonn Mac Donncha, Poll Uí Mhuirinn agus Boston, Pádraig Ó Laoi as Leitir Mealláin agus dearthair eile leis na Bairéid, sin é Marcas a bhí ag iomradh do cheann de na foirne as Boston.

# Tigh Mhóráin

Carna

**TEACH ÓSTA AGUS SIOPA**

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig an bpobal uile.*

Teileafón: 095-32244/32763

# SIOPA BIA
# MÍCHEÁL AGUS TINA MOYLAN

An Aird Mhóir

**Búistéara• Nuachtáin • Earraí Tí**
**Gual/Brícíní Móna • Calor Kosangas**
**Beatha Beithíoch**

*Tugann muid earraí go dtí an teach*

**Fón: 095-33542**

# LÁRIONAD FIONTAIR
# CHONAMARA THIAR TEO.

**Ag cur ar fáil:**
**Siúlóidí Sléibhe • Kayakáil • Marcaíocht Capall**
**Rothaíocht Sléibhe agus Turais Bád Innill sa gcuan**

**Fón: 095-33618 / 33542**
**e-mail: ardmorew@iol.ie**




**San Francisco**

*Ó chlé - Peter Moylan agus mac a dhearthára, Ciarán Moylan, a bhí ar cuairt ansin. Innealtóir é fear na feasóige atá ar dheis sa bpictiúr agus tá cúramaí móra air. Coinníonn sé súil ar an struchtúr atá istigh faoin Golden Gate Bridge i San Francisco.*



**Albany, Nua-Eabhrac**

***Réitithe le dhul ag iomradh:*** *Seán Mac Donnchadha as an Aird Thiar, Colm Ó Cadhain as Cill Chiaráin, Máirtín Mac an Rí as Cloch na Rón agus Tomás Ó Cualáin as Poll Uí Mhuirinn.*





**Ceiliúradh**

*Ó chlé - Tomás Ó Cualáin, Déirdre Ní Loideáin as Muighros, Carmel Ní Choincheannainn as Árainn agus Colm Ó Cadhain as Chill Chiaráin.*



**Ag fáiltiú in Ollscoil New Orleans**

*Ó chlé - Leas-Sheansiléara na hOllscoile, Luke Paradise; an tAire Stáit, Éamon Ó Cuív; Uachtarán Bhord Stiúrtha na Féile, Dónal Ó Flatharta as an Aird Mhóir.*



**Walsh and Walsh**

*An Feisire Parlaiminte i Stát Mhassachussetts, Marty Walsh (mac le John Mháirtín Tom as Caladh bhFuínnse) ar dheis sa bpictiúr agus duine de na comhairleoirí is fearr atá aige, a uncail, Pat Walsh - an ceannaire ceardchumainn - ag ócáid i mBoston.*



**Ag rásaí na gcurach i New Orleans**

*Ó chlé - Pádraig Ó Maoilchiaráin as Caladh bhFuínnse (atá ina chónaí i mBoston), Mícheál Ó Maoláin as an Aird Mhóir (atá ina chónaí i Chicago), Liam Mac Donnchadha as an Aird Mhóir (atá ina chónaí i mBoston) agus Dara Guairim as Inis Nia (cónaí air i mBoston).*



**Fear na bhfógraí**

*Peadar Ó Maoláin as an Aird Mhóir, Fear na bhFógraí, ag na rásaí curach i New Orleans. Tá cónaí ar Pheadar i gCalifornia anois. Tagann sé go New Orleans chuile bhliain agus tá an-cháil bainte amach aige de bharr a chuid tráchtaireachta ar a mbíonn ag tarlú ansin.*

# *LACKAGH - QUARRY GROUP*

Teach Hardiman, An Fhaiche Mhór, Gaillimh.

Teileafón 091-562862
Facs 091-565646

***Blocanna do thíthe - Gaineamh - Readymix Concrete - Clocha Briste - Ábhar líonta d'urláir.***

***Tá Coiléar againn ar an Sraith Salach i gConamara.***

Teileafón ansin
095-34614

# Paddy Keane

## Ó Catháin Teoranta

CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Gabhla

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276



# Pádraic Ó Madaoin

Uimh. Ghutháin: 095-33420

Seirbhís Hymac

Réiteach Suíomhanna

Réiteach 'Lawns'

# Caoga bliain agus Caoga scéal ...súil siar as Meiriceá

*Labhrann* ***Cóilín Lydon*** *as Roisín na Mainíoch le Máirtín Ó Cathúin i mBoston*

**Síneann Cóilín Lydon a mhéir amach i dtreo íochtar na spéire. "Soir díreach an bealach sin a bheadh sí anois." Bhí mé ag fiafraí de cén treo go díreach a mbeadh Éirinn agus muid ar imeall thrá Nantasket i Massachussetts.**

Lá breá grianmhar a bhí ann i dtús na Samhna - an fharraige chomh gorm leis an spéir a bhí os a cionn. Bhí Cóilín ag caint ar chúrsaí an tsaoil. "Tá cuimhne agam ar thráthnóna Aoine i bhfad ó shin," a deir sé, "agus na beannachtaí a cuireadh liom ag deireadh mo sheachtain oibre i gConamara." Bhí Cóilín agus fear óg eile ag obair ar phortach in iarthar na hÉireann. Dúirt sé leis an bhfostóir tráthnóna nach mbeadh sé ar ais ar an Luan mar go raibh sé ag dul go Cill Dara ag obair ar na portaigh. Ba é aimsir an Chogaidh é. "A – droch rath ort féin agus ar Chill Dara," a deir an fostóir leis. Bhí mé ag dul a fiafraí de Chóilín cén fáth ar scar sé leis an tír atá fite, fuaite, ina chroí i gcónaí - an tír a bhí i bhfad soir faoi íochtar na spéire. Thuig mé théis an scéil sin nach raibh aon ghá leis an gceist - bhí sí freagartha cheana féin. "Ah wull," a deir Cóilín, agus canúint Mheiriceá le n-aithneachtáil ar a ghlór anois, "tá an saol feabhsaithe go mór in Éirinn ón lá ar fhága mise í, an chéad lá ariamh."

Tháinig an **Mauritania** nua le Céibh i Nua-Eabhrac ar an gcéad lá de Iúil, 1948 - caoga bliain ó shin. Bhí laethanta go leor caite aici ar an bhfarraige - thuig Cóilín go raibh sé i bhfad óna thír dhúchais. Ach cén chéad duine a thiocfadh ag caint leis ar an gCéibh ach fear as Carna - Colm Chathail as an Más. Sén chaoi a raibh seisean ag tóraíocht duine eile a tháinig ar an **Mauritania** freisin. Chaith sé an oíche ina theach sula ndeachaigh sé go Boston.

Thosaigh Cóilín ag obair le comhlacht an Iarnróid agus chuaigh sé le comhlacht Gáis Bhoston - **Boston Gas** - ina dhiaidh sin. Bhí sclábhaíocht mhór ag baint leis an obair, go háirithe sa nGeimhreadh nuair a bhíodh na píopaí reoite ag pléascadh faoin tsráid. Ní bhíodh le déanamh ach an tsráid a chartadh le piocóid agus le sluasaid. "Is minic a d'fhiafraigh mé díom féin ag an trí a chlog maidin Gheimhridh agus mé ag cartadh as éadan leis an bpiocóid céard a bhí mé a dhéanamh



*Ó chlé: Pádraig Ó Maoilchiaráin as Leitir Ard (go ndéana Dia grásta air); Bríd Bean Uí Loideáin (atá pósta le Cóilín); Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Ard agus Déirdre Lydon - iníon Chóilín agus Bhríd.*



**Cóilín agus muintir Charna i mBoston**

*Grúpa as Cill Chiaráin agus as Carna a bhí ar fhoireann peileadóirí Ban Choiste Spóirt Chonamara a d'imir i mBoston i mí Lúnasa. Ó chlé: Michelle Lydon (Boston), Caitríona Ní Chualáin (Loch Con Aortha), Ann Marie Ní Chathasaigh (An Más), Michelle Ní Chuaig (Aill na Brún), Cóilín Lydon (Roisín na Mainíoch agus Boston), Déirdre Ní Chatháin (Gabhla), Sorcha Ní Chathasaigh (An Más) agus Caitlín Bean Uí Loideáin - Caitlín Ní Chualáin as Dubhithir ó dhúchas atá ina cónaí i Massachussetts anois.*

anseo," a deir Cóilín. Ach admhaíonn sé freisin gur oibrigh sé chuile uair an chloig a bhí ar fáil .....agus gurbh fhiú sin a dhéanamh ó thaobh airgid de. Ní shin le rá nár bhain sé scléip as an saol. Chuir sé aithne ar mhuintir Chonamara agus ar mhuintir na hÉireann i mBoston. Bhí luí mór aige leis an bpeil Ghaelach freisin. "D'imríodh muid do scoil Charna i gcomórtas na scoileanna," a deir Cóilín "agus d'imir mé cupla uair d'fhoireann Charna ach ní dheachaigh mé i mbun na peile i gceart nó go dtáinig mé go Boston". D'imir Cóilín do chuid de na foirne ab fhearr sa gcathair agus níorbh fhada go raibh sé ina chaiptín ar fhoireann sóisir na Gaillimhe i mBoston. Ansin bhuail an pheil buille air - buille a chuir athrú mór ar a shaol. "Domhnach a bhí ann," a deir Cóilín, "i 1951. Bhí mé amuigh ag fágáil slán ag daoine muintireacha mar go raibh mé ag dul san Arm an Chéadaoin dar gcionn agus muid ag réiteach le dhul sa gCogadh i **gKorea**." Tharla sé go raibh cluiche peile in aice láthair agus chuaigh foireann amháin bog agus crua ar Chóilín ag iarraidh air a dhul ag imirt dóibh. Ghéill sé dóibh, sa deireadh. Ach tharla timpiste agus briseadh cois Chóilín. Droch-bhriseadh a bhí ann agus chaith sé roinnt seachtainí san Ospidéal. B'shin deireadh leis an Arm agus le **Korea**. Ach d'fheabhsaigh an chois go maith agus choinnigh Cóilín air ag imirt ar feadh roinnt mhaith blianta ina dhiaidh sin, cé gur dhúirt **Boston Gas** leis gur ar éigin a choinneodh siad an post dó dá mbeadh air a bheith amuigh de bharr gortaithe arís.

I 1955 phós Cóilín agus Bríd Nic Dhonnchadha as Leitir Ard. "Tá cuimhne mhaith agam ar an oíche ar chas mé leis ag an gCéilí i gCarna," a deir Bríd, agus beagán spallaíochta ar bun idir Roisín na Mainíoch agus Leitir Ard. "Is iomaí sin oíche ar stop mo mháthair mé ó bheith ag dul soir ag Céilí Charna ach, mo léan, níor stop sí mé an oíche a raibh aici mé a stopadh." Tá Cóilín criogaithe ar feadh scaithín ag an mbord ina dteach cónaithe i Walpole, taobh amuigh de Bhoston. Ach tagann sé chuige féin. "Ach an oiread le rud, bhí agam cruachcheisteanna a chur ar an dream a chuir an Céilí sa **hall** an oíche sin......**anyways**," a deir Cóilín. "Ní raibh gá ar bith leis an gCéilí sin"! Meabhraíonn Bríd dó go dtug an oíche sin i dtreo bhaile slachtmhar Leitir Ard é. "Deamhan a bhfaca mise Leitir Ard mórán ariamh," a deir Cóilín. "San oíche is mó a bhí mé ann." Tráchtann siad beirt ar an saol a chleacht siad ag éirí aníos dóibh. Ach dá fheabhas iad na cuimhní cinn ceapann siad go bhfuil an saol i gceantar Charna níos fearr anois. Is breá leo é sin. Shaothraigh daoine an saol san aimsir a caitheadh agus bhí go leor uaignis ag baint leis an imirce sna blianta sin. Chonaic Cóilín Lydon é sin. "Bhí m'athair trí seachtainí caillte sular shroich an scéal mé anseo." a deir Cóilín. "Cuireadh moill ar an litir - ní raibh aon bhealach eile teangbhála ann san am." Ba mhór an iarraidh í sin. Sé an lá i mí an Mheithimh 1948 nuair a d'imigh sé an uair dheireanach a bhfaca sé a athair agus a mháthair. Ní raibh na deiseanna taistil ann an uair sin. Ach labhraíonn sé freisin go raibh buntáistí móra ag baint leis an saol i Meiriceá. Bhí deiseanna oibre ann agus bhí pái mhaith ann i gcomórtas leis an gcaoi a raibh cúrsaí in Éirinn. D'éirigh go maith leis na Loideáin agus bhí mórsheisear clainne acu - Joe, Colm, Matt, Seán, Pádraig, Liam agus Déirdre. Tá cáil agus cáilíochtaí bainte amach acu uilig. Tá na "gasúir" goite i mbun cúramaí an tsaoil mhóir anois ach tá Cóilín Lydon ag treabhadh leis i gcónaí. Bhí sé ina Uachtarán ar an **Irish Social Club of Boston** nuair a rinne siad ceiliúradh ar leithchéad bliain anuraidh. Seo Cumann a bhfuil go leor déanta acu do mhuintir na hÉireann. Tá Cóilín ar choiste Chumann Peile **Chonnemara Gaels** i gcónaí freisin. Agus tá sé ina chara ag muintir Charna, ag muintir Chonamara agus ag Éireannaigh sa gcathair sin. Tá sé tagtha abhaile go Roisín na Mainíoch go minic - ar ócáidí tragóideacha agus ar ócáidí maithe. "Sin é an saol," a deir Cóilín, agus é ag caitheamh a shúil ó thrá Nantasket amach i dtreo na mara agus go bun na spéire.

# G. Stanley & Sons



An Clochán 095-21039 Faics: 21721

## Togha Siopa Éadaigh

Earraí Olna, Línéadach agus Criostal Éireannach
Earraí Iascaireachta agus Spóirt agus neart eile freisin

Is cáirde linn muintir phobal Chárna le fada an lá
***Nollaig mhaith dhíbh uile***

**Sé STATOIL an t-aon chomhlacht ola a fuair an príomh-ghradam as a gcaighdeán feabhais sa tír seo.**


Siad muintir **Sweeney** a dhíolann an branda **STATOIL** i gConamara.

Tabharfaidh Tí Sweeney seirbhís mhaith dhuit agus ní bheith aon mhoill ort.

**Tá siad éifeachtach agus tá siad suáilceach.**

Ná téigh thar dhoras Tí Sweeney, An Clochán.

*Tá muid anseo ar mhaithe leatsa.*



# Sweeney Oil Ltd.

**AN CLOCHÁN. FÓN: 095-21777**

# BLIAIN AN DÍOLACHÁIN

Ba mhór an díol suntais an méid de thithe gnó na háite a cuireadh ar an margadh i 1998. Tugann na fógraí seo sa nuachtán, "An Curadh Connachtach", sa bhFómhar seo caite léargas ar na fógraí díolacháin. Bhí Tigh Mhóráin, Tigh Mheaic agus Tigh Bherry i gCarna ar an margadh chomh maith le Tigh Eidhin - teach an phosta i gCill Chiaráin - agus Bior Mór. Díoladh Tigh Eidhin agus sé tigh Risteáird Mhic Dhonnchadha Teach an Phosta anois. Níl aon tuairisc againn.......agus muid ag scríobh.......gur díoladh áiteacha Charna fós.

**FOR SALE**

## BIRMORE ISLAND




Unique island property comprising all of Birmore Island (c32.5 acres) and Birbeg Island (c3 acres). Located approx 1 mile off the mainland in Kilkerrin Bay, the islands offer mostly grazing land with ruins of old dwellings and a fresh water supply. A rare opportunity to acquire a most unusual and attractive property. Solicitors: MacDermot & Allen, Francis Street, Galway.

## TIG MORAIN BAR & GROCERY

### CARNA, CONNEMARA, CO. GALWAY

STANDING ON 1 ACRE



- Moran's Public House, Foodstore and Newsagents, established business (1886), located in the centre of Carna in a prominent position beside the Church, car park and pier (Ardbay).
- The property is located in the heart of the Gaeltacht, opposite the post office, 6 miles from Kilkerrin.
- Property with great potential for further development having the benefit of a large site with excellent road frontage on c. 1 acre beside the sea.
- Carna is recognised as a very popular tourist area. It is located close to the sea with an abundance of fresh water fishing nearby, half hour from Connemara Golf Club.
- Accommodation: Foodstore and Newsagents, Bar/Lounge and Off-Licence, ladies and gents toilets, stores rear yard facing out to sea and harbour.

Living Accommodation to include diningroom, livingroom, kitchen, 7 bedrooms, bathroom and toilet.

Further information from Sole Selling Agents.
Solicitors: Larry O'Connor, Salthill.

**FOR SALE**

## "BERRY'S"

STANDING ON 16 ACRES

### CARNA VILLAGE
### CONNEMARA, CO. GALWAY



•Substantial two storied house located in the centre of the village. •The property has 180 ft. road frontage onto main road. •Well located property opposite Moran's shop/pub and also the church and car park. •Property would suit as a guesthouse/hostel/hotel/private residence. •Carna is in the heart of the Gaeltacht and is a very popular Tourist Area. **ACCOMMODATION:** Hall, livingroom, diningroom, utility. **First Floor**: 7 bedrooms, bathroom/toilet. **Side Unit**: (Shop, presently used as a post office), Also two storey rear chalet, garden. Further particulars from Sole Selling Agents.
Solicitors: Messrs. McDermot & Allen, Francis Street, Galway.

**FOR AUCTION** (unless previously sold)

EXCELLENT BAR AND HOSTEL

## CARNA, CO. GALWAY



•Excellent bar and hostel in need of some refurbishment in Carna, Co. Galway. An extensive building incorporating a very popular licensed premises with a residence overhead and large hostel in need of some repair. •There is substantial accommodation throughout the entire premises with extremely spacious licensed premises, extensive residential accommodation and a substantially sized hostel.

**•Auction date: Thursday, 15th October, 1998 at 3 p.m.**


Tigh Mheaic, Carna

# AN AIMSIR A CAITHEADH



**Cill Chiaráin, 1935**

*Tá Máirtín Ó Clochartaigh as Carna ar chlé agus tá Seosamh Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch (Joe Choilm Liam) ar dheis. Sé mac Sheosaimh - Cóilín Ó Loideáin - an gasúr i lár báire. Sin é an Cóilín Lydon a bhfuil aithne mhór air i mBoston agus a bhfuil alt scríofa faoi san Irisleabhar seo. Tógadh an pictiúr ag geallta bád i gCill Chiaráin.*



**Bunscoil Charna sna tríochaidí**

*Líne tosaigh (ó chlé) - Pádraig Breathnach (Aindriú) as Roisín na Mainíoch; Mícheál Mac an Iomaire as an gCoillín; Colm Ó Cuirrín (Michael) as Carna; Cóilín Guairim as Carna; Máirtín Ó Cuirrín as Carna; Máirtín Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch; Pádraig de Búrca as Roisín na Mainíoch; Pádraig Ó hIarnáin as Roisín na Mainíoch agus Mikie Berry as Carna.*

*An dara líne (ó chlé) - Pádraig Ó Briain as Roisín an Bholgáin; Pádraig Ó Maoilchiaráin (Pádraig) as Roisín na Mainíoch; Cóilín Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch; Seán Ó Loideáin (Joe) as Roisín na Mainíoch; Pádraig Ó Loideáin (Joe) as Roisín na Mainíoch; Peadar Breathnach as Roisín na Mainíoch; Stiofán Ó Cualáin as Carna agus Mac Dara Ó Cuirrín as Carna.*

*An líne cúil (ó chlé) - Cóilín Mac an Iomaire as an gCoillín; Seán Ó Briain as Roisín an Bholgáin; Mícheál Ó Cualáin as Carna; Mícheál Ó Féinneadha as Roisín na Mainíoch; Seosamh Ó Guairim as Roisín na Mainíoch agus Mícheál Ó Maoilchiaráin as Roisín na Mainíoch.*



**Muintir na hAirde Móire**
*Dermot Leavy ar chlé agus Seán Mac an Iomaire - Seán Chóilín Pháidín.*



**Múinteoirí**
*Ó chlé - Stiofán Ó Cualáin (Carna), Máire Áine Uí Shúilleabháin (Loch Con Aortha) agus Seán Cheoinín (Roisín na Mainíoch).*



Bainis
*Winnie agus Dermot Leavy an lá ar phós siad agus an comhluadar a bhí in éineacht leo.*

# MÍ LÚNASA '68



Secondary schools teachers from many parts of Ireland who attended a summer school course dealing with literature and language at Osta an Chrompain, Cill Chiarain, Connemara.

## 40 ATTENDED KILKERRIN IRISH COURSE

**FORTY students attended a two-week Irish course which finished in Kilkerrin, Connemara, on Wednesday.**

During the fortnight the students stayed in local houses and at Ost an Chrompain—where lectures were also held—bringing a total income of £1,000 to the area.

While in Kilkerrin they toured the area, were entertaind by local singers and dancers and went on a boat tour of Aran and visited St. McDara's Island.

Lecturers on the course were An Dr. S. O'Duibhearga, Commisiun Bealoideasa, Baile Atha Cliath; Maintin O Direain, Arainn; An Dr. O Doibhlin; An tAthair O hAinle, St. Mary's College and An tAthair MacAoidh, Garbally College.


All local houses taking part in the scheme qualified for a £2 per guest per week bonus which was if studnt accommodation was found to be very satisfactory.



Múinteoirí

*Ó chlé: Pat Bean Uí Chosgordha (Carna), Máire Áine Uí Shúilleabháin (Loch Con Aortha) agus Mairéad Mhic Eochagáin (Carna), Phil Bn. Thomáis Uí Mháille a bhí ag múineadh ar an Aird Mhóir.*

# CARNA'S 99 YEAR-OLD FISHERMAN



**Céad bliain**

*99 a bhí Séamas Ó Domhnaill as Leitir Ard nuair a thóg an "**Connacht Tribune**" an pictiúr seo de. Bhí Séamas os cionn 100 nuair a d'fhág sé slán ag an iascaireacht agus ag an saol, cuid mhaith de dheich mbliana fichead ó shin.*

This young man sitting in the Connemara sun is 99-years-old James O'Donnell from Letterard, Carna.

Over 50 years ago James was told he had only a month to live. Today he is the oldest man in Connemara and intends being around next March when he will have a century of living behind him.

He was the second youngest in a family of ten children and is the only surviving member now. He had six children of his own, 13 grandchildren, and two great grandchildren. His wife died about 50 years ago.

Mr. O'Donnell was a fisherman all his active life, fishing for mackeral, herring and lobster. He worked for a short time building the Galway-Clifden railway line for a shilling a week which, he says, "went a long way then".

He has seen many changes in his lifetime and recalls when the stable diet for all was fish and potatoes. He says the young people have a much better time now, although if he could live his life all over again, he wouldn't change any of it. He lives with his grand-daughter Mary in Letterard.

# T. Ó MÁILLE TEO.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera •

• Crua-Earraí, Éadach •

• Ábhar Tithe •


*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*



# TAIGHDE MARA TEO.

**Taighde agus Forbairt Saothrú Mara**
***Maricultural Research and Development***

Cárna, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-32225. Facs: 095-32300



**Saighdiúr**

*Tomás Mac an Iomaire as oileán Fhídhinse, saighdiúr in Arm Mheiriceá. Tógadh an pictiúr seo i Chicago i bhfad siar sa gCéad seo. Bhásaigh Tomás Mac an Iomaire i 1954. Ba deartháir é leis an mBádóir, a raibh cónaí air i Leitir Ard.*



**Sráid Uí Chonaill, 1945**
*Mícheál Ó Súilleabháin as Loch Con Aortha (Mickey Daraí) ar chlé agus Mícheál De Búrca (Michael Ned Joe) i mBaile Átha Cliath.*



**Tomás Cheaite**
*Ag Tigh Leavy a tógadh an pictiúr seo agus Tomás ag teannadh amach sna blianta.*




**Peileadóirí i mBoston, 1953**

*Tá ceathrar as Carna ar an bhfoireann seo a bhuaigh Craobhacha i mBoston 45 bliain ó shin. Sa líne tosaigh tá......Patsy Ó hUaithnín as Muighinis, an dara duine ó chlé; Seán Ó hUaithnín as Muighinis, an ceathrú duine ó chlé; Cóilín Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch, an seachtú duine ó chlé. Sé Seosamh Ó hUaithnín as Muighinis an tríú duine ó chlé sa líne cúil. B'iad na hUaithníní "clann Bhiddy" as Muighinis agus bhí cáil mhór orthu mar fhir spóirt. Bhíodh Cóilín Ó Loideáin ina chaiptín ar fhoireann sóisir na Gaillimhe i mBoston.*



**Connemara Gaels**

*Sé Pádraig Ó Loideáin as Roisín na Mainíoch - (Pádraig Joe Choilm Liam) - a bhunaigh Cumann Peile na* ***Connemara Gaels*** *i mBoston i dtús na seascaidí. Tá Pádraig ar dheis sa líne cúil sa bpictiúr seo a tógadh i 1964. Sé Mike McDonagh as an gCeathrú Rua atá lena ais - an chéad pheileadóir sa líne cúil. Sé Patsy Mannion as an gCaiseal (deartháir do Ghabriel atá i dteach ósta na* ***Twelve Bens*** *i mBoston) an tríú peileadóir ó chlé sa líne cúil. Sé Cóilín Connolly as Árainn an peileadóir is faide ar dheis sa líne cúil. B'as Conamara agus as Árainn go leor de na* ***"Gaels"*** *na blianta sin. Níl na hainmneacha uilig againne.*



**An Spidéal, 1983**

*Buaiteoirí an rása d'fhear agus do bhean, Ellen Seoige (Uí Éinniú anois) agus Pádraig Seoige - clann Mháirtín Sheáin Staife as an mBántrach Ard. I mBoston atá Pádraig anois. Ba é an chéad uair é ag Ellen i gcurach canbháis.*



**Boston, 1972**

*Coiste i mBoston a bhailigh airgead do Theach an Phobail i gCarna i dtús na seachtóidí.*
*An líne tosaigh, ó chlé: Bríd Ní Chlochartaigh (Loch Con Aortha), Máire Ní Chlochartaigh (Leitir Caladh), Peige Ní Chlochartaigh (Loch Con Aortha), Máirín Ní Mhaoilchiaráin (Caladh bhFuínnse), go ndéana Dia grásta uirthi; Peige Ní Loideáin - Breathnach.*
*An líne cúil, ó chlé: Seosamh Ó hUaithnín as Muighinis agus a bhean, Máire; Seán Breathnach as Caladh bhFuínnse; Cóilín Ó Loideáin (Roisín an Mainíoch); Séamas Mac Táibhís (Carna), Marcas Ó Maoilchiaráin (Caladh bhFuínnse) agus Pádraig Ó Loideáin (Roisín na Mainíoch).*



**Saighdiúr**
*Marcas (Eoin) Ó Neachtain as an Aird Mhóir.*



**Na daicheadaí**
*Ag obair ar thógáil mhonarcha Arramara.*

# Club Árus na nGael

*Oscailte Luan go Satharn ó 8 i.n.*

*Seisiún gach*
*Déardaoin, Aoine & Satharn*

*45 Sráid Doiminic, Gaillimh*

Fón: 567824 Facs: 563699 e-phoist conradh@bradan.iol.ie

# CAMUS AUTOS

Tyres
•
Obair dheisiúcháin
•
Servicing
•
Spraying, Electrics

Camus
Co. na Gaillimhe

Teileafón: 091-574197



**Na Flathartaigh**

*Cuid de na Flathartaigh as an Aird Mhóir - Clann Mhichael Coleman. Chun tosaigh, ó chlé: Ann Marie (atá linn san oifig i gCarna anois) Caitlín. Líne cúil : Máire, Bairbre agus Antoine.*



**1949**


*Cáit Bean Uí Chonghaile - Ní Chatháin sular phós sí - (Kate Sonny Josie as Gabhla) ar chlé agus a col ceathrar as South Boston, Mary Berry (Carey) ar cuairt chuig pobal dúchais a muintire. B'as Gabhla a máthair agus b'as Carna a hathair. Tá conaí ar Mhary i gcónaí i South Boston agus tá Kate Soney Josie pósta sa gClochán.*




**1959**

*Muintir Uí Eidhin as Aill na Brún i bpictiúr a tógadh i Sasana. Ó chlé: Con Hynes, Jack Hynes, Julia Hynes, "Pet" Hynes agus Chris Hynes agus an bhabóg aici.*

# Saighdiúr agus Aisteoir




*Mícheál Ó Maoilchiaráin - Michael Nora - as Leitir Deiscirt ar Churach Chill Dara sna tríochaidí. Bhí Micheál sna saighdiúir ach is ag aisteoireacht i ndráma a bhí sé sa bpictiúr seo.*



**Dornálaí Ros Muc**

*Seán Ó Mainnín*



**Superstars**

*Louis Mac an Iomaire ag tabhairt bronntanais don Superstar a bhí ann san am sin, Gerry Loftus, i gCill Chiaráin i 1983. Bhí Gerry Loftus ina aoi speisialta ag an Leath Mharathon an bhliain sin agus bhuaigh sé an rás 10 gciliméadar. Ba lúthchleasaí agus peileadóir ábalta é Louis é féin na blianta sin.*




**Iascairí**

*Pat Cheoinín (Fidhinis agus Gaillimh) agus a mhac, Seán.*

# FOCAL ÓN EAGARTHÓIR

Sin anois agaibh eagrán eile d'Iris Iorras Aithneach. Tá súil againn aríst gur bhain sibh taithneamh as an Iris - sin é an fáth a bhfuil sí ann. Tugann sí roinnt mhaith léargais ar shaol an phobail i gcaitheamh na bliana agus coinníonn sí cuntas ar chuid de na ceisteanna is tábhachtaí atá le réiteach againn.



Níl na bóithre ná cúrsaí fostaíochta chomh héasca mar léitheoireacht le cuid de na himeachtaí sóisialta agus spóirt. Ina dhiaidh sin féin, tá na ceisteanna seo linn chuile mhaidin, chuile thráthnóna agus chuile sheachtain beo i rith na bliana. Is ceart go gcoinneodh an Irisleabhar seo súil agus cuntas orthu. Bhí an bhliain seo ar cheann de na blianta ba mhó ar déanadh obair thábhachtach phobail sa gceantar seo le fada an lá. Ní fheictear an chuid is mó den obair sin - tá sí mall agus deacair. Caitear coinneáil leis an obair sin gan stad, gan staonadh, sa gcaoi agus go mbainfear torthaí maithe amach lá eicínt níos faide anonn.

Tá na bóithre ar cheann de na hábhair is tábhachtaí uilig sa bpobal agus is furasta é sin a ligean i ndearmad, scaití. Níl aon bhualadh bos ná aon cheiliúradh ag baint leo. Ach tá na bóithre ar cheann de bhunchlocha móra an phobail. B'fhéidir nach dtugann muid mórán suntais do na bóithre anois - tá siad i bhfad níos fearr ná a bhíodh siad. Ach saothraíodh é sin go crua idir feachtais, cruinnithe, taisteal go Gaillimh, litreacha, glaochanna teileafóin agus go leor seifteanna eile lena chois sin. Tá an rud céanna amhlaidh faoi iarrachtaí eile atá ar siúl. Tá an chosúlacht ar an scéal go dtiocfaidh cuid den obair mhall sin faoi bhláth i 1999. Tá an-chreidiúint ag dul don dream a thugann a dtacaíocht do na hiarrachtaí forbartha seo.

Tá Irisleabhar Iorras Aithneach ar cheann de na hiarrachtaí móra pobail atá múnlaithe anseo. Tá formhór na hoibre á déanamh go deonach agus sin gaisce mór. Glactar leis an Irisleabhar anois mar cheann de "Institiúidí" na háite - ní bheadh sé ina Nollaig ar chor ar bith dá fuireasa, a deirtear. Lena chois sin, tá an-tóir ag muintir na háite atá as baile ar an Irisleabhar. Cuimhníonn foireann an Irisleabhair air sin i gcónaí agus iad ag bualadh faoin obair.

B'fhéidir gur cheart go mbeadh cúnamh speisialta le fáil d'obair mar seo ach níl sin ann anois. Dá réir sin, ní bhíonn a fhios againn, ó bhliain go bliain, an mairfidh an Irisleabhar - tá sí ag brath ar iarracht mhór dheonach. Ach tá sí ann i mbliana agus míle buíochas leis an dream a thacaigh linn aríst, ar chuile bhealach.

Go raibh Nollaig mhaith agus Nollaig shuaimhneach agaibh anseo sa mbaile agus thar sáile ....... agus go mba fearr a bheas sibh uilig bliain ó inniu.

*Máirtín Ó Catháin*

## PICTIÚIR AR AN gCLÚDACH CÚIL

**AR BARR:**

**An Chraobh ag Conamara**
Cúigear d'imreoirí Chonamara ag ceiliúradh théis a mbua i gComórtas Peile na Gaeltachta. Tá Treasa Nic Táibhís as Carna ar chlé agus Máire Ní Fhlatharta as Carna lena taobh. Sí Treasa Mháirtín Bán as Casla atá ar dheis agus siad Gearóid Feerick agus Fiona Ní Chathasaigh as an bhFáirche an bheirt eile.

**Ag damhsa ar an Raidió**
Séamas Ó Dubháin as an Aird Mhóir agus a dheirfiúr, Annie, ag ócáid i Raidió na Gaeltachta agus a gcuid damhsa ag dul amach ar an aer! Sé Máirtín Mac Donnchadha (Raidió na Gaeltachta) atá ag coinneáil stiúir ar an micreafón agus tá Máirtin Jaimsie ar dheis sa bpictiúr.

**Peileadóirí**
Micheál Ó Clochartaigh agus Michael Donnellan sa Scoil Phobail i gCarna.


**I LÁ BÁIRE:**

**Seaimpíní na hÉireann**
Cumann Sacair Ógánaigh Ghaillimh Aontaithe a bhuaigh Craobh na hÉireann i 1998. Bhí triúr as an bpobal seo in éineacht leo. Tá Séamas Ó Catháin as Gabhla ar an dara duine ó chlé sa líne tosaigh agus tá Cóilín Mac an Iomaire, arb as Roisín na Mainíoch ó dhúchas é ar an seachtú duine ó chlé sa líne tosaigh. B'é Cóilín peileadóir óg na bliana i nGaillimh Aontaithe agus tá an Corn a tugadh dó amach ar a aghaidh. Sé Macdara Mac Fhlannchadha as Cill Chiaráin an dara duine ó thaobh na láimhe deise sa líne cúil.

**"Lá amháin imo Shaol"**
Lorna Ní Mhaoláin as an Aird Mhóir in éineacht leis an snámhaí, Michelle Smith ag ócáid bronnta duaiseanna de chuid Bhord na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Bhí Lorna ar dhuine de dhá scór daoine óga a bhuaigh duaiseanna náisiúnta as aiste a scríobh sí faoin teideal "Lá amháin imo Shaol". Bhunaigh Lorna an aiste ar lá a chaith sí i gcuideachta a hathar, Ciarán, i Saotharlann Mara na hOllscoile i Muighinis. Bhí 11,000 gasúr uilig istigh ar an gcomórtas.

**ÍOCHTAR AR DHEIS:**

**Boston - cathair mhór na nGael**
***Cois cuain i gCastle Island:*** Ó chlé - Pat Walsh as Caladh bhFuínnse, Johney Lydon as Crompán a bhí ar cuairt go Meiriceá; Johney Greene as Muighinis; Billy Ó Driscoll as Corcaigh atá pósta ag Máire Nic an Iomaire as Bun na hAbhann agus Cóilín Lydon as Roisín na Mainíoch.




Clódóirí Lurgan Teo. (091) 593251/593157








TERRYLAND PARK



